TUARASCÁIL BHLIANTÚIL **2005**

Ireland, knowledge is in our nature™



IDA IRELAND

Don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta:
De bhun an Achta um Forbairt Tionscail 1993, tá a thuarascáil agus a chúntais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005 á dtíolacadh leis seo ag IDA Ireland.

Is é polasaí IDA Ireland faisnéis a chur ar fáil, ar í a iarraidh, maidir le deontais a íoctar le cuideachtaí. Tá an tuarascáil bhliantúil seo agus faisnéis eile de chuid IDA Ireland ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.idaireland.com

Ireland, knowledge is in our nature™

RÁITEAS MISIN

"Buafaimid d'Éirinn, dá muintir agus dá réigiún an chuid is fearr den nuálaíocht agus den infheistíocht idirnáisiúnta ionas go leanfar de chlaochlú na hÉireann ina sochaí cheannasach dhomhanda atá saibhir i dtaca le cruthaitheacht, foghlaim agus leas pearsanta agus sóisialta.

Oibreoimid i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile chun an chuid is fearr de chumais agus de thallanna na hÉireann a fheabhsú agus chun iad a chur in oiriúint don chuid is fearr den infheistíocht dhomhanda. A mhéid a bhaineann le gach dream lena n-oibrímid nó lena ndéanaimid teagmháil, comhlíonfaimid ár misin go macánta, go foirfe, ó thaobh gairmiúlachta de, agus go gníomhaíoch."

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2005

CLÁR

4 Forléargas ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach

12 Príomhphointí na bliana 2005

15 Taighde agus Forbairt den Scoth i dTéarmaí Domhanda

17 Rátáil na hÉireann sa Domhan

18 Staitisticí

22 An Bord agus Coistí den Bhord 2006

24 Rialachas Corparáideach

26 Struchtúr na hEagraíochta agus Oifigí

29 Ráitis Airgeadais

IDA IRELAND

The Irish Mind

From the earliest times the Irish mind remained free, in significant measure, of the linear centralising logic of the Greco-Roman culture which dominated most of Western Europe. The Irish intellectual tradition represents a counter-movement to this logocenterism – this would mean that the Irish did not abandon order for disorder; they created a different kind of order.

Professor Richard Kearney
The Irish Mind: Exploring Intellectual Traditions (1984)



Is féinphortráid í seo leis an ealaíontóir Louis le Brocquy agus úsáidtear ann ceann an duine mar íomhá den bhosca draíochta ina bhfuil na gnéithe uathúla de mheon na hÉireann

Radical non-linear innovation is the only way to escape the ruthless hyper-competition that has been hammering down costs industry after industry – non-linear innovation requires the capacity to escape the shackles of the past and imagine exciting innovative solutions to current needs.

Gary Hamel & C.K. Prahalad (1994)
Competing for the Future, Harvard Business School Press

Ireland, knowledge is in our nature™

FORLÉARGAS **ÓN gCATHAOIRLEACH & ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH**

FORLÉARGAS ÓN gCATHAOIRLEACH AGUS ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH

John Dunne
Cathaoirleach

Sean Dorgan
Príomhfheidhmeannach

Sa bhliain 2005, lean Éire agus IDA Ireland den aistriú chuig gníomhaíochtaí lena ngabhann ardluach níos mó agus dianeolas. Mar gheilleagar beag an-oscailte is eol dúinn go bhfuil iomaíochas, solúbthacht agus nuálaíocht thar a bheith tábhachtach dár bhforbairt eacnamaíochta. Is léir go bhfuil straitéis an Rialtais dírithe ar gheilleagar a fhorbairt agus a chothabháil ar geilleagar é atá ag éirí níos bríomhaire agus níos fiontraíche fós agus atá bunaithe níos mó fós ar nuálaíocht, agus ar geilleagar é atá in ann caighdeáin mhaireachtála níos airde arís agus cáilíocht bheatha níos fearr a chothú do gach duine.

Le blianta beaga anuas is leir dúinn méid an athraithe atá tagtha ar réimse an ghnó ar fud an domhain agus is léir, freisin, an tslí ina bhfuil suímh nua iomaíocha le haghaidh infheistíochta tar éis teacht chun cinn. Mar gheall ar na nithe sin, tá dúshlán ann d'Éirinn agus d'éirigh le hÉirinn déileáil leis. Gné lárnach den dul chun cinn leanúnach atá déanta againn is ea fís chomhchoiteann an náisiúin maidir le forbairt, oscailteacht maidir le hathrú agus an tslí uathúil chultúrtha atá againn i dtaca le nuáil a dhéanamh agus na comhchodanna riachtanacha den rathúlacht a shnaidhmeadh le chéile.

Tá Éire ag leanúint de bheith ag gnóthú infheistíochtaí idirnáisiúnta mar go n-aithnítear gur suíomh gnó í ina bhfuil daoine ardoilte agus, freisin, ina bhfuil slí uathúil ag an bhfórsa saothair i dtaca le feabhsuithe a chur i bhfeidhm, nuáil a dhéanamh agus smaointe nua, próisis nua agus modhanna nua oibríochta a thionscnamh, ar nithe iad sin a fhágann gur féidir le gnó teacht chun bheith níos bríomhaire, níos éifeachtúla agus, ar deireadh, níos brabúsaí.

Beidh IDA ag cur leis an gcáil sin i mbliana trí fheachtas nua margaíochta ina leagfar béim ar ghnéithe de mheon na hÉireann agus ar luach an méid sin i dtaca le nuálaíocht ghnó. Tá roinnt de na príomhghnéithe den téama seo léirithe againn sa tuarascáil bhliantúil seo.

Athrú dinimiciúil ar an bpróifíl infheistíochta

Le roinnt blianta anuas tá geilleagar na hÉireann an-láidir agus is mó an meas atá air ar bhonn idirnáisiúnta. I gcoibhneas le méid an gheilleagair, tá leibhéal na hinfheistíochta dírí coigríche (FDI) in Éirinn ar cheann de na leibhéil is airde sa domhan. Sa lá atá inniu ann, tá oibríochtaí substaintiúla ag os cionn 1,000 cuideachta eachtrach in Éirinn. Áirítear orthu sin cuid mhór de na cuideachtaí ceannasacha i réimse na teicneolaíochta eolais agus cumarsáide, i réimse na heolaíochtaí saoil, i réimse na seirbhísí idirnáisiúnta, i réimse na hinnealtóireachta agus i réimse na seirbhísí airgeadais.

Bíonn iomaíocht ann de shíor chun FDI a ghnóthú agus is rud domhanda an iomaíocht sin. Tá athrú suntasach tagtha ar nádúr na hiomaíochta sin. Tá iliomad roghanna ag infheisteoirí anois maidir le suímh le haghaidh gach cuid dá bpróiseas gnó. Is féidir le corparáidí domhanda a ngnó a eagrú agus a oibriú i bhfoirm fhisiciúil nó i bhfoirm fhíorúil agus is féidir leo an suíomh is éifeachtaí a roghnú le haghaidh gach gné den oibríocht. Le linn na nithe sin a dhéanamh, bíonn trí chomhchuid riachtanacha á lorg acu: na daoine agus na scileanna cearta, éiceachóras agus bonneagar tacúil agus dearcadh dearfach nua-aimseartha. Is gnéithe sainiúla iad sin de chuid na hÉireann.

Le seacht mbliana anuas, tá athmhúnlú déanta ag Éirinn ar na buntáistí atá ann le haghaidh infheistíochta isteach, á aithint go bhfuil athruithe tagtha ar dhálaí domhanda agus ar ár gcuid cúinsí féin. Tá an oiread céanna clú orainn anois mar gheall ar chaighdeán ár gcumais náisiúnta agus atá ann le haghaidh éifeachtúlacht ár bhfeidhmíochta. Luann infheisteoirí an tslí thapa chomhtháite ina mbaintear athrú amach in Éirinn. Is nithe tábhachtacha iad sin i saol an ghnó dhomhanda ar saol é atá neamhbhuan, comhcheangailte agus an-iomaíoch.

Bhí cuid mhór páirtithe ann sa chlaochlú seo ag leibhéal an Rialtais, i réimse an oideachais agus i bhforais phoiblí eile, agus san earnáil ghnó. Chuir gach ceann díobh feabhsúcháin i bhfeidhm d'fhonn teacht chun bheith níos iomaíche ag leibhéil níos airde gníomhaíochta. Bhí cuid mhór comhpháirtíochtaí láidre ann. I gcás cuideachtaí ilnáisiúnta in Éirinn, tá infheistíochtaí nua déanta le blianta beaga anuas i saoráidí táirgthe agus seirbhíse agus, ar mhodh méadaithe, i dTaighde agus i bhForbairt agus i ngníomhaíochtaí nuálaíochta eile.

Ní mór luach na hinfheistíochta isteach a mheas anois de réir a nádúir agus a caighdeáin seachas de réir tomhais chainníochtúil nó líon na bpost amháin mar a dhéantaí roimhe seo. Saintréith de chuid infheistíochtaí an lae inniu is ea a mhéid atá siad chun tosaigh i dtéarmaí na teicneolaíochta, ar nós Amgen agus Intel, nó i dtéarmaí na nuálaíochta margaidh a bhaineann leo, ar nós eBay nó Google. Is mó ná riamh atá siad ag brath ar fhórsa saothair ardoilte. Ní mór dóibh timpeallacht oibrithe atá solúbtha agus a éascaíonn gníomhú de réir éilimh a bheith acu.

Á aithint gur tháinig athruithe ar nádúr na hinfheistíochta, tá IDA Ireland ag leanúint de leas a bhaint as roinnt táscairí feidhmíochta a thugamar isteach anuraidh. Tá na táscairí sin le feiceáil ar leathanach 18, agus baineann siad níos mó le geilleagar ardleibhéil agus is forlíonadh iad ar na tomhais chainniochtúla thraidisiúnta.

Dul chun cinn sa bhliain 2005

Ba é an dúshlán a bhí ag IDA ná a chinntiú, maidir leis na hinfheistíochtaí a fhaighimid, go bhfuil nualaíocht taobh thiar díobh, go bhfuil ardteicneolaíocht ag baint leo agus go gcruthaítear fostaíocht den chaighdeán is airde dá mbarr. Ina theannta sin, déanaimid iarracht cóimheá mhaith réigiúnach a bhaint amach i dtaca le hinfheistíochtaí. A mhéid a bhaineann leis na nithe sin go léir, ba bhliain mhaith í an bhliain 2005:

- Tugadh tacaíocht do 71 tionscadal infheistíochta (nua agus leathnuithe) i rith na bliana agus lonnaíodh 46 cinn díobh sin in áiteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath,
- Tugadh tacaíocht do thuairim is 50 tionscadal Taighde & Forbartha agus bhí níos mó ná €275 milliún i gceist san infheistíocht ag gnóthaí – sin an líon agus an luach is mó riamh agus is ionann an luach agus méadú 95% i gcomparáid le luach sa bhliain 2004,
- I gcás níos mó ná 50% de na poist ar tugadh tacaíocht ina leith, beidh gá le cáilíochtaí tríú leibhéal, nó cáilíochtaí níos airde ná sin, ag teastáil lena n-aghaidh i ndisciplíní éagsúla lena n-áirítear Teicneolaíocht Eolais, seirbhísí airgeadais, eolaíocht agus innealtóireacht,

FORLÉARGAS ÓN gCATHAOIRLEACH AGUS ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH (AR LEAN)

- I gcás beagnach 40% de na poist go léir a fuair tacaíocht ó IDA, tá tuarastal os cionn €37,000 sa bhliain ag gabháil leo,
- Bhí méadú glan 3,412 (nó 2.6%) ar an líon post buan i gcuideachtaí a fuair tacaíocht ó IDA.

Tharla gur baineadh amach na nithe sin trí dhian-chomhoibriú le hinfheisteoirí nua, ar nós Amazon agus Amgen, agus trí thacú le fás agus forbairt cliant a bhí ann cheana féin, ar nós Citigroup agus Wyeth, agus is minic a cuireadh le luach breise agus tábhacht straitéiseach a n-oibríochtaí in Éirinn ag a bhfuil feidhmeanna agus gníomhaíochtaí breise. Is fiú tagairt a dhéanamh, go háirithe, don dul chun cinn a rinneadh i rith na bliana i dtaca le hinfheistíochtaí Taighde & Forbartha a ghnóthú.

I measc an iliomad cuideachta a bhfuil infheistíocht mhór á déanamh acu ina n-oibríochtaí anseo faoi láthair áirítear Johnson & Johnson, Intel, Centocor, Pfizer agus Wyeth, agus tá eBay, Google, Lake Region, Merrill Lynch agus State Street, gan trácht ar chuid mhór eile, ag cur le líon a gcuid fostaithe freisin.

Áirítear ar na nithe ar éirigh leo sa bhliain 2005 leathnuithe substaintiúla ó PFPC and Waters Corporation i Loch Garman agus oscailt ionad nua PFPC san Uaimh. I bPort Láirge, d'fhógair BISYS ionad nua riartha cistí agus gheall Bausch & Lomb infheistíocht €42 mhilliún a dhéanamh ina ghléasra lionsaí tadhaill. D'oscail International Fund Services (IFS) ionaid chistí nua sa Nás agus i nDroichead Átha. I Sligeach, chuir Toucan tús le hionad seirbhísí teileachumarsáide. Rinne SITA leathnú ar a oibríocht bogearraí agus lonnaigh Zeus Industrial Products a Ionad nua Oibríochtaí Eorpacha i Leitir Ceanainn. Roghnaigh AXA Assistance SA Baile Átha Luain le haghaidh a dhara hoibríocht in Éirinn.

Ba bhliain iomráiteach í freisin mar gheall ar fheidhmíocht láidir earnáil na seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta. I dteannta na n-infheistíochtaí atá luaite cheana féin, mhéadaigh cuid mhór cuideachtaí IFSC a ngnóthaí i mBaile Átha Cliath, tháinig sainpháirtithe isteach san earnáil anseo agus neartaíodh le seasamh na hÉireann mar bhunáit Eorpach nuair a tháinig The Hartford Financial Services Group, i measc dreamanna eile.

Taighde agus Nuálaíocht

Tá Éire ina hiomaitheoir domhanda anois i dtaca le hInfheistíocht Taighde & Forbartha ó chuideachtaí ilnáisiúnta agus ó institiúidí ceannasacha taighde. Tá dianiarracht déanta i bpolasaí an Rialtais chun bonn maith eolaíochta agus teicneolaíochta den scoth a leagan síos inár gcuid institiúidí acadúla agus, go háirithe, comhoibriú tréan idir gnóthaí agus institiúidí acadúla a spreagadh agus tá torthaí an pholasaí sin le brath anois. Sa tslí sin, is féidir cur go mór le cumas gnóthaí atá bunaithe in Éirinn a mhéid a bhaineann le taighde agus forbairt agus is rud é sin a bhfuil tábhacht bhunúsach leis i ndáil le hiomaíochas agus fás inchothaithe na hÉireann amach anseo.

Is ceart gurb é atá i ngach infheistíocht a dhéanann cuideachtaí i dtaighde nó i bhforbairt, nó a dhéanann gníomhaireachtaí ar nós an IDA chun tacú leis an mbonneagar eolaíochta agus innealtóireachta, ná rud a dhéanann idirdhealú idir an tír seo agus suímh iomaíocha agus is ceart, dá réir sin, go mbeadh na hinfheistíochtaí sin mar thaca le fostaíocht láithreach nó le fostaíocht nua anseo. Tá tairbhí na hinfheistíochta i dtaighde neamhdhíreach agus ní i gcónaí gur féidir iad a thomhas go héasca; de réir na taithí atá ag an IDA, áfach, tá a fhios againn go ndéanann tiomantas i gcuideachta i leith Taighde & Forbartha seasamh straitéiseach na cuideachta agus a cuid préamhacha in Éirinn a neartú. Dá bhrí sin, beimid ag leanúint den tacaíocht a thugaimid i leith forbairtí Taighde & Forbartha a mhéadú sna blianta atá romhainn.

I measc an iliomad cinntí suntasacha maidir le hinfheistíocht Taighde & Forbartha áirítear bunú ionaid bogearraí Taighde & Forbartha ag Microsoft ina oibríochtaí Eorpacha in Áth an Ghainimh. Tá os cionn €50 milliún á infheistiú ag cuideachtaí ceannasacha ar nós Bristol-

Myers Squibb, Citigroup, Genzyme, Pfizer agus Xilinx I dtionscadail nua-aimseartha Taighde & Forbartha agus i saoráidí taighde d'fhonn táirgí, próisis agus seirbhísí den scoth a fhorbairt dá margaí idirnáisiúnta. Tá ionad inniúlachta innealtóireachta á bhunú ag Dell i Luimneach ar ionad é ina seolfar comhoibriú forleathan le grúpaí taighde in Ollscoil Luimnigh, agus tá ionad feidhmiúchán bogearraí Taighde & Forbartha á lonnú ag Palm i Sord.

Le linn na bliana 2005, gheall IDA, le comhaontú an Rialtais, maoiniú a thabhairt chun an Institiúid Náisiúnta Taighde agus Oiliúna Bithphróiseála (NIBRT) a bhunú. Is infheistíocht straitéiseach é sin in institiúid nua-aoiseach atá dírithe ar thionscail agus ar institiúid í a thabharfaidh buntáiste iomaíochta d'Éirinn i dtaca le fónamh don tionscal domhanda bithchógaisíochta. Tá an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD), Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD), Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) agus Institiúid Teicneolaíochta Shligigh ina mbunaitheoirí de chuid NIBRT, agus beidh an institiúid seo suite i bPáirc Thionscail UCD i mBaile Átha Cliath. Ba chineál nua tacaíochta é sin do IDA ach léiríonn sé an cineál idirghabhála a bheidh níos riachtanaí ná riamh chun éiceachóras den scoth a chruthú le haghaidh réimsí sonracha gnó in Éirinn. Ar leathanach 15, tá léiriú le fáil ar an ngréasán cumhachtach comhoibrithe náisiúnta atá ann mar áis don chlár oibre an-tábhachtach maidir le taighde agus forbairt.

Príomhról agus Fiúntas na hInfheistíochta Coigríche Dírí (FDI)

Tá cáil, a bhfuil éad uirthi, bunaithe ag Éirinn anois ar fud an domhain mar ionad le haghaidh ardmhonarúcháin, le haghaidh seirbhísí sofaisticiúla gnó agus, ar scála atá ag méadú, le haghaidh taighde agus nualaíocht ag ardleibhéal. Beidh gach ceann de na réimsí sin thar a bheith tábhachtach i dtaca le rathúlacht leanúnach amach anseo.

Ar bhonn idirnáisiúnta, tá claochlú ag teacht ar ghníomhaíochtaí monarúcháin an t-am ar fad: imíonn roinnt eilimintí chuig suímh ina bhfuil na costais níos ísle ach, maidir le gníomhaíochtaí monarúcháin ardleibhéil, casta, sofaisticiúla, ar minic a ghabhann infheistíocht chaipitiúil €1 mhilliún in aghaidh an fhostaí leo, tá ról fíor-thábhachtach acu i ngach geilleagar forbartha, lena n-áirítear geilleagar na hÉireann, ar ról é a bhaineann le luach a chruthú. Trí na gníomhaíochtaí monarúcháin seo, cruthófar luachanna arda ar onnmhairí, tabharfar isteach teicneolaíochtaí nua-aimseartha agus cothófar gníomhaíochtaí gaolmhara Taighde & Forbartha.

Tá gníomhaíochtaí substaintiúla monarúcháin ag an gcuid is mó de mhórchuideachtaí cógaisíochta agus teicneolaíochta liachta an domhain in Éirinn, mar shampla Pfizer, Johnson & Johnson agus Wyeth, agus is mar an gcéanna an scéal i dtaca le cuid mhór cuideachtaí leictreonaice – mar shampla, Dell, HP, IBM agus Intel. I ngach ceann de na cásanna sin, tá a rathúlacht anseo ag brath go mór ar fheidhmíocht a gcuid fórsaí saothair, ar a gcumas chun na caighdeáin dhomhanda rialála is airde, agus caighdeáin eile, a chomhlíonadh, agus ar a solúbthacht i dtaca le coigeartú a dhéanamh nuair a thagann athrú ar a gcuid margaí agus ar a gcuid timpeallachtaí.

Chun iomaíocht a dhéanamh le suímh chostais ísil, ní mór ardleibhéil táirgíochta a bheith ann sa mhonarúchán ardleibhéil. I gcás líon méadaithe fostaithe monarúcháin, beidh cáilíochtaí tríú leibhéal acu (nó cáilíochtaí níos airde ná sin) chun na próisis chasta atá i gceist a bhainistiú nó a fhorbairt nó chun tacú leo. Tá riocht maith ar Éirinn mar gheall ar na scileanna innealtóireachta agus na scileanna teicniúla a sholáthraímid ach ní mór dúinn leanúint de spéis mhór agus rannpháirtíocht mhac léinn a choimeád ar bun sna réimsí seo.

D'éirigh go maith le hÉirinn riamh infheistíocht choigríche dhíreach a fháil i ngníomhaíochtaí seirbhíse, is é sin le rá, i mblianta na 1980-idí nuair a sainaithníodh cumas seirbhísí bogearraí agus airgeadais, i mblianta na 1990-idí nuair a bhí IDA chun tosaigh san Eoraip i dtaca le hionaid seirbhísí comhroinnte, agus sa bhliain 2000 nuair a díríodh aird ar ríomh-ghnó.

Is nithe iad an domhandú, forbairt leanúnach ar theicneolaíochtaí ríomhaireachta agus cumarsáide, athinnealtóireacht ghnó agus léirscaoileadh na trádála (lena n-áirítear saoirse bhreise maidir le seirbhísí laistigh den AE) a mbeidh baint acu le fás seirbhísí ar bhonn idirnáisiúnta.

FORLÉARGAS ÓN gCATHAOIRLEACH AGUS ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH (AR LEAN)

Tá Éire sa riocht gur féidir léi tairbhe a bhaint as na treochtaí sin. Tá forbairt déanta againn ar oilteacht agus ar inniúlachtaí d'fhonn gníomhaíochtaí gnó le EMEA (an Eoraip, an Meán-Oirthear agus an Afraic) nó sainorduithe domhanda a bhainistiú. Mar gheall ar chumasc na scileanna, na timpeallachta cairdiúla, tacúla agus na gcánacha ísle, táthar tar éis cuid mhór feidhmeanna comhtháthaithe gnó agus feidhmeanna ceannoifige a mhealladh anseo i réimsí mar shampla díolacháin agus margaíocht, fáil seirbhísí agus earraí, bainistíocht an tslabhra soláthair feidhmeanna maidir le rialáil agus comhlíonadh, agus bainistíocht maoine intleachtúla.

Forbairt Réigiúnach

Tá IDA tiomanta i leith an chóimheá réigiúnach is fearr is féidir a bhaint amach i dtaca le hinfheistíochtaí. Tá ról láidir againn mar gheall ar an éifeacht spreagúil beochana a d'fhéadfadh a bheith ann aon áit ina bhfuil, nó ina bhféadfaí, infheistíochtaí substaintiúla nua le déanamh. Tá tionchar na hinfheistíochta nua isteach le feiceáil ina lán bailte móra le blianta beaga anuas – mar shampla, Pacificare agus Pramerica i Leitir Ceanainn, MBNA i gCora Droma Rúisc, Guidant i gCluain Meala agus Kostal i Mala.

De réir mar a dhírítear aird ar na codanna is airde luach de shlabhraí luacha gnó, tagann méadú ar an dúshlán a bhaineann le leathadh maith réigiúnach ó thaobh infheistíochtaí. Sna cúinsí sin, is féidir le mais chriticiúil daoine cáilithe, bonneagar tacúil agus seirbhísí sofaisticiúla gnó infheisteoirí a mhealladh i dtreo cathracha. Tá an iomaíocht i leith infheistíochta den sórt sin an-dian agus seasmhach agus tagann sí as líon méadaitheach suíomh ar fud an domhain.

I gcás an chuid is mó de na hinfheistíochtaí a mbíonn IDA san iomaíocht ina leith gach bliain, tagann an iomaíocht as réigiúin chathartha a bhfuil bonn daonra os cionn milliún duine iontu. In Éirinn, is i mBaile Átha Cliath amháin atá daonra den mhéid chéanna. I dtéarmaí domhanda, tá na cathracha agus na bailte móra eile beag. Ar an ábhar sin, má theastaíonn ó réigiúin in Éirinn rath a bheith orthu san iomaíocht seo, ní mór dóibh smaoineamh agus gníomhú go réigiúnach, seachas go háitiúil. Sa Straitéis Spásúil Náisiúnta, leagtar amach an creat le haghaidh forbairt sa dóigh seo agus ní mór do na páirtithe eacnamaíochta agus sóisialta go léir déanamh dá réir.

Ní bhainfear rathúlacht amach trí bhearta aon ghníomhaireachta amháin ach trí chomhiarrachtaí cuid mhór gníomhaireachtaí. Comhlíonann IDA a ról iomlán ar fud na tíre, i gcomhpháirt le dreamanna eile, trí iarracht a dhéanamh buanna réigiúnacha láithreacha a mhéadú agus trí chur leo:

- Oibrímid go dlúth leis an mbonn láithreach cuideachtaí chun cur lena gcumais agus lena bhfeidhmeanna, agus – le comhoibriú luachmhar uathu – úsáidimid an taithí atá acu agus an oilteacht atá cruthaithe acu mar argóint chun a áiteamh ar dhreamanna eile feidhmiú sa tslí chéanna. Is sampla breá de sin rathúlacht an tionscail teicneolaíochta liachta san Iarthar, ar tionscal é atá lárnaithe i nGaillimh cé nach ansin amháin atá sé.
- Déanann na hInstitiúidí Teicneolaíochta agus na hOllscoileanna na scileanna agus na Tallanna atá ar fáil a fheabhsú agus a dhoimhniú agus is minic a bhíonn siad thar a bheith tábhachtach i gcomhthéacs áiteamh ar infheisteoirí a gcuid oibríochtaí a lonnú gar dóibh. Tá cuid mhór samplaí iomráiteacha ann chun a léiriú, i gcás Institiúidí go háirithe, go n-ullmhaítear cúrsaí a oireann do riachtanais shonracha cuideachtaí. Tuigimid gurb é an t-oideachas an bhunchloch riachtanach ar a dtógtar geilleagar rathúil agus molaimid gach duine atá bainteach le réimse an oideachais as an méid atá bainte amach.
- Déanaimid iarracht, le cabhair ó dhreamanna eile, cúinsí tarraingthe nua a chruthú i suímh áirithe ar cúinsí iad a thabharfadh cúis le tuilleadh infheistíochtaí a dhéanamh sna suímh sin. Sampla sonrach de sin ab ea an fógra go luath sa bhliain 2006 go raibh cinneadh déanta ag Georgia Tech Research Institute (GTRI) a chéad saoráid lasmuigh de na Stáit Aontaithe a lonnú i mBaile Átha Luain le tacaíocht

ó IDA. Bhí fonnmhaireacht cuideachtaí ar nós Elan, Ericsson agus Intel ina leith seo tábhachtach mar thacaíocht nuair a bhí an cinneadh sin á dhéanamh.

- Tá Páirceanna Gnó agus Teicneolaíochta á bhforbairt againn i suímh thábhachtacha chun freastal ar an réimse iomlán infheisteoirí a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear cuideachtaí dúchasacha a thagann faoi chúram Fiontraíocht Éireann. Déanann forbróirí príobháideacha réamhfhoirgnimh oifige agus teicneolaíochta a sholáthar sna páirceanna sin, de réir shonraíochtaí IDA, chun gur féidir le hinfheisteoirí nua atá ag teacht isteach tús a chur lena ngnó.
- Tá láithreáin á bhforbairt againn i gCorcaigh, i nDún Dealgan, i nGaillimh agus i bPort Láirge ar láithreáin iad ina bhfuil an bonneagar an-mhaith agus ar láithreáin iad le haghaidh tionscal á úsáideann cuid mhór fóntas. Léiríonn líon na dtionscal cógaisíochta atá i Rinn an Scidígh i gCorcaigh an fiúntas a ghabhann le cur chuige den sórt sin, mar a dhéanann rathúlacht Grange Castle i gContae Bhaile Átha Cliath Theas. Tá réamhcheadanna pleanála faighte againn cheana féin le haghaidh mórchampais bithchógaisíochta in Órán Mór, Contae na Gaillimhe agus le haghaidh saoráide monaraithe ciorcad comhtháite in Grange Castle, Contae Bhaile Átha Cliath, áit ina bhféadfadh cinnteacht agus sábháil mhór ama i gceist d'infheisteoirí nuair a chinneann siad a ngnóthaí a lonnú ann.
- Sa bhliain 2005, chaitheamar beagnach €69 milliún ar ár gcuid páirceanna gnó, ar réamhshaoráidí agus ar bhonneagar gaolmhar, ar nithe iad sin go léir atá beartaithe chun forbairt chothrom eacnamaíochta a bhaint amach sna réigiúin éagsúla.
- Tá sé thar a bheith tábhachtach, i dtaca le rathúlacht na margaíochta a dhéantar i leith aon suímh ar leith, go mbeadh réitigh éasca ann ó thaobh maoine ach ní leor sin ann féin riamh. Tá an comhoibriú a fhaightear ó chuid mhór comhlachtaí príobháideacha agus comhlachtaí poiblí an-tábhachtach freisin; tá tábhacht ar leith ag baint le húdaráis áitiúla agus aithnímidne in IDA Ireland an tacaíocht shíoraí a thugann siad. Is iomaí infheistíocht a gnóthaíodh de thoradh a gcuid iarrachtaí; i dtaca leis sin de, gabhaimidne, in IDA Ireland, buíochas ar leith le Comhairle Chontae Chorcaí as a ról i ngnóthú infheistíocht Amgen a fógraíodh i mí Eanáir 2006.

Ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn réigiúnach, gnóthaítear gach uile infheistíocht trí chomhiarrachtaí a lán daoine atá ag comhoibriú lena chéile. Déanaimidne, lucht an IDA, geallúint a thabhairt go leanfaimid ar aghaidh den chomhoibriú sin leis na comhpháirtithe luachmara iomadúla atá againn.

Éire a dhifreálú

I gcás gach cinnidh infheistíochta a dhéantar ar son na hÉireann, is iad na nithe a raibh tionchar acu orthu ná caighdeán feidhmíochta agus torthaí infheistíochtaí láithreacha ar thaobh na cuideachta lena mbaineann nó, go minic, ar thaobh a cuid iomaitheoirí. Dá bhrí sin, tá stair iontach an tionscail cógaisíochta anseo ina hargóint áititheach ar son dhoimhneacht agus chaighdeán na scileanna daonna agus na scileanna teicneolaíochta atá ar fáil. Ar an dóigh chéanna, tugann an méid atá bainte amach i réimsí na teicneolaíochta eolais agus na mbogearraí deimhniú do chuideachtaí san earnáil seo gur críonna gealltanas a thabhairt maidir le tuilleadh infheistíochta a dhéanamh in Éirinn.

Ó tráth a cuireadh ar bun sinn as an nua fiche bliain ó shin, tá cumas léirithe againn maidir le seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta a fhorbairt agus a reáchtáil, lena n-áirítear beagnach an tríú cuid d'fhál-chistí a riaradh ar bhonn domhanda. Le cúig bliana anuas, d'éirigh linn stádas a bhaint amach mar ionad tábhachtach do ghnóthaí nua Idirlín.

I dtuarascálacha roimhe seo, rinneamar trí mhórbhealach ina bhfreastalaíonn Éire ar riachtanais athraitheacha cuideachtaí idirnáisiúnta a shainaithint:

- Nuálaíocht agus forbairt den scoth
- Ardfheidhmíocht agus ardéifeachtúlacht
- Comhtháthú agus tacaíocht ghnó de chineál nua-aoiseach

Is féidir ár rathúlacht i ndáil le gach ceann de na trí thréith sin a chur i leith nithe bunúsacha mar shampla scileanna maithe a bheith ar fáil, éiceachóras agus bonneagar tacúil a bheith ann, agus na cánacha ísle atá againn ar ghnóthaí. Tá na nithe sin ar fáil freisin, a bheag nó a mhór, ina lán suíomh ar fud an domhain. Is é atá sa difríocht in Éirinn ná an tslí ina dtéimid i ngleic le saincheisteanna, ina

réitímid fadhbanna agus ina gcuartaímid bealaí nua eile agus bealaí nua níos fearr chun freastal ar riachtanais. Tá fianaise air sin le fáil i luas, solúbthacht agus inathraitheacht Comhlachtaí poiblí. Ní mór uaillmhian, fís, comhoibriú agus comhpháirtíocht a bheith ann ar thaobh a lán páirtithe. Léiríonn sé meon agus cur chuige atá nádúrtha agus ar dóigh dó a bheith bainteach leis an gcruthaitheacht atá le fáil i dtraidisiún litríochta agus ealaíne na hÉireann. Is é sin an rud a bheidh á chur in iúl againn san fheachtas nua poiblíochta dar téama *The Irish Mind*.

Dúshláin agus Priacail

Níl sé cinnte go leanfar den rathúlacht a baineadh amach le blianta beaga anuas. Tá a lán nithe ann a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar ár gcumas chun fás tapa agus leibhéil arda fostaíochta a chothú, idir nithe a bhfuil rialú againn orthu agus nithe nach bhfuil rialú againn orthu. Gné thábhachtach is ea iomaíochas costais, go háirithe i ndáil le héileamh ar mhaoin agus ar fhoirgníocht, costais fhuinnimh, muirir údarás áitiúil agus seirbhísí i gcás ina bhféadfadh iomaíocht a bheith teoranta. Tá sé riachtanach freisin go mbeidh solúbthacht ann i dtaca le déileáil le hathruithe ar dhálaí eacnamaíochta áitiúla agus ar dhálaí eacnamaíochta idirnáisiúnta araon.

Fágann an luas ar dá réir atá an geilleagar ag fás go bhfuil tuilleadh infheistíochta san oideachas criticiúil. Ní mór dó sin cure lenár staid láidir choibhneasta trí céimithe eolaíochta, innealtóireachta agus gnó a chur ar fáil agus ní mór dó freaschur a dhéanamh i dtaca le himeacht na mac léinn ó na heolaíochtaí le blianta beaga anuas.

Tá géarghá freisin le feabhas a chur ar bhonneagar fisiciúil go tapa, go háirithe chun tacú le forbairt réigiúnach. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh maidir le forbairt bóithre ach ní mór dul i ngleic leis an tslí ina soláthraítear iompar poiblí sna cathracha agus ina soláthraítear saoráidí aerfoirt agus dlús a chur leis sin ionas gur féidir freastal ar roinnt éileamh reatha agus ar éilimh a bheidh ann amach anseo. Ar an dóigh chéanna, ní mór déileáil le cinntí fadtéarmacha i ndáil le margadh an leictreachais agus margaí fuinnimh eile.

Mar gheall ar ionchais éagsúla eacnamaíochta ar fud an domhain, ar bhagairtí agus éiginnteacht nua maidir le hiomaíocht agus ar na brúnna síoraí ó dhul chun cinn teicneolaíochta, tá athrú mór ag teacht ar réimse an ghnó dhomhanda. Déileálann gach ceann de na cuideachtaí lena n-oibríonn IDA leis na dúshláin sin ina ngnó domhanda agus ina gcuid oibríochtaí in Éirinn.

Is mór an chreidiúint é, do chuid mhór bainisteoirí Éireannacha agus dá bhfórsaí saothair, an tslí chomh réidh sin ina ndearna siad coigeartú chun iad féin a oiriúnú don athrú leanúnach sin. Tá tionscnamh agus nuálaíocht déanta acu gan fanacht le treoir a fháil. Rinne siad machnamh láithreach, rinne siad oiriúnú agus rinne siad feabhsúcháin. D'oibrigh siad le chéile chun rudaí a dhéanamh ar shlí níos fearr agus níos tapa. Is ionann a solúbthacht agus cúis mhaith chun bheith muiníneach as inchothaitheacht an oiread sin infheistíochtaí agus as ár todhchaí.

Táimid muiníneach freisin mar go sonraímid spéis mhór i ndáil le tuilleadh infheistíochtaí in Éirinn, ó chuideachtaí atá ann cheana féin agus ó roinnt cuideachtaí nua ar fad. Ní féidir a bheith cinnte faoin am a thógfaidh sé chun na forbairtí seo a chur i gcrích ach tá a fhios againn go n-éiríonn le feidhmíocht sheasmhach na hÉireann agus diongbháilteacht mhúinte an IDA.

Baineann foireann IDA sárthorthaí amach trí dhianobair agus trí dhíograis. Tugann siad aghaidh ar gach dúshlán agus feidhmíonn siad ar shlí ar féidir a bheith bródúil as. Is mian leis an mBord buíochas a ghabháil le gach duine d'fhoireann IDA as a saothar.

Ireland, knowledge is in our nature™

PRÍOMHPHOINTÍ INFHEISTÍOCHTA 2005

PRÍOMHPHOINTÍ INFHEISTÍOCHTA A FÓGRAÍODH SA BHLIAIN 2005

RÉIGIÚNACH

- e.g. Iarthuaisceart

SITA - Leitir Ceanainn
Oibríocht bogearraí á leathnú aige agus 123 phost ardchaighdeáin forbartha bogearraí á gcruthú aige

Toucan - Sligeach
Is é seo gnó IDT Corporation i réimse na teileachumarsáide do thomhaltóirí agus tá 300 post á gcruthú aige in ionad nua seirbhíse do chustaiméirí.

Zeus - Leitir Ceanainn
Ionad Oibríochtaí Eorpacha á bhunú aige chun feadánra mionliachta a tháirgeadh agus a dháileadh.
150 post le cruthú aige.

CEANNOIFIG & SEIRBHÍSÍ

Yahoo! - Baile Átha Cliath
A Cheannoifig Oibríochtaí Eorpacha á chruthú – is oibríocht chasta é seo lena ngabhann seirbhísí comhroinnte airgeadais, óstáil ghréasáin agus tacaíocht do chustaiméirí. 400 post á gcruthú, a bhfuil cáilíocht tríú leibhéal ag teastáil i gcás 75% díobh.

AXA - Baile Átha Luain
Ionas Tacaíochta Custaiméara á chur ar bun chun réimse seirbhísí cúnaimh a sholáthar, lena n-áirítear loiceadh gluaisteáin, fógraí faoi éilimh agus cúnamh baile. 300 post á gcruthú.

Google – Baile Átha Cliath
Tá an chuideachta cheannais sa domhan i dtaca le cuardach idirlín ag leathnú a Cheannoifige san Eoraip. Os cionn 600 post á gcur leis an bhfoireann.

MONARÚCHÁN

Alps Electric - Sráid an Mhuilinn
Leathnú ar chostas €14 mhilliún á dhéanamh ar a saoráid mhonaraithe comhpháirteanna d'fheithiclí inneallghluaiste. 140 post á gcruthú in innealtóireacht agus i monarúchán.

Alcon - Corcaigh
Is cuideachta cheannasach é seo i réimse na gcógaisíochta oftalmaí agus na bhfeistí liachta agus tá leathnú ar chostas €15.6 milliún á dhéanamh aige rud a chuirfidh 140 duine leis an bhfoireann.

Waters - Loch Garman
Tá an soláthróir is mó sa domhan i dtaca le gléasanna ardfheidhmíochta anailísithe crómatagrafaíochta leachta (HPLC) chun €11.5 milliún a infheistiú i leathnú lena gcruthófar 125 phost breise.

TAIGHDE & FORBAIRT

Tá cuideachtaí ilnáisiúnta san earnáil ICT, san earnáil Bhithchógaisíochta agus san earnáil Seirbhísí – **Microsoft, Xilinx, Bristol-Myers Squibb, Pfizer, Citigroup** agus **Genzyme** – chun €50 milliún san iomlán a infheistiú i dtionscadail agus i saoráidí nua-aoiseacha Taighde & Forbartha arb e is aidhm dóibh réimse táirgí, próiseas agus seirbhísí den scoth a fhorbairt in Éirinn le haghaidh a margaí agus a gcustaiméirí idirnáisiúnta.

SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

Hartford Life – Sord
Déanfaidh an chuideachta seo, atá i measc na gcuideachtaí seirbhísí airgeadais agus árachais is mó sna Stáit Aontaithe, 130 duine a fhostú chun gnó árachais saoil sa Ríocht Aontaithe a bhainistiú.

BISYS - Port Láirge
Oibríocht nua seirbhísí fál-chistí ina gcruthófar 250 post.

IFS – Droichead Átha & An Nás
Oibríocht riartha fál-chistí i nDroichead Átha – 235 phost. Bhunaigh sé oifig sa Nás inar cruthaíodh 140 post sa réimse seirbhísí airgeadais

PFPC - An Uaimh agus Loch Garman
Leathnú á dhéanamh ar a Oibríocht Riartha Cistí i Loch Garman agus bhunaigh Oibríocht nua Riartha Cistí san Uaimh. 500 post san iomlán á gcruthú.

Príomhphointí 2005

Áirítear na nithe seo a leanas i measc phríomhphointí ghníomhaíochtaí eile IDA sa bhliain 2005:

- Rinneadh **71 tionscadal nua gnó a chaibidliú** le cliaint nua agus le cliaint a bhí ann cheana féin agus, dá thoradh sin, beidh infheistíocht níos mó ná €1 bhilliún ann sna blianta atá romhainn.

- **Tháinig méadú go 132,728 ar líon na bhfostaí i gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó IDA.** Ba é 12,623 an líon post nua a cruthaíodh i rith na bliana. Os a choinne sin, cailleadh 9,211 phost rud a fhágann méadú glan 3,412, arb é an méadú is airde é ón mbliain 2000 i leith. I gcás líon na bhfostaí, níl ann ach táscaire amháin ar dhul chun cinn agus níl sé chomh tábhachtach agus a bhí roimhe seo ag féachaint do na leibhéil forbartha agus fostaíochta in Éirinn faoi láthair.

- Maidir le cuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó IDA, bhí díolacháin €75 bhilliún acu sa bhliain 2005 (€71 bhilliún ar onnmhairí) agus chaith siad **€15.5 billiún i ngeilleagar na hÉireann** agus d'íoc siad €2.5 billiún mar cháin chorparáide.

- Soláthraíonn IDA páirceanna gnó agus teicneolaíochta den scoth i mbailte móra tábhachtacha ar fud na tíre mar thacaíocht le haghaidh a straitéise réigiúnaí. Chaith **IDA €69.4m sa bhliain 2005 ar fhorbairtí maoine,** agus iad beagnach ar fad lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus lena n-áirítear roinnt mórláithreán agus páirceanna gnó, chun an bhonnchloch a leagan le haghaidh fáis amach anseo i réigiúin ar fud na hÉireann.

Éire – Suíomh lena mbaineann Ardfheidhmíocht agus Ardluach

Infheistíochtaí ardchaighdeáin sa bhliain 2005	Taighde & Forbairt Domhanda sa bhliain 2005
Google	Microsoft
Wyeth Research	Xilinx
Yahoo!	Bristol-Myers Squibb
Alps	Pfizer
BISYS	Citigroup
IFS	Genzyme
AXA	Palm
PFPC	Dell

Ireland, knowledge is in our nature™

TAIGHDE COMHOIBRITHEACH RÁTÁIL
DHOMHANDA NA hÉIREANN

TAIGHDE COMHOIBRITHEACH AG NA LEIBHÉIL IS AIRDE

Tá timpeallacht uathúil ann in Éirinn ar timpeallacht í a spreagann idircheangailteacht agus cóineasú idir na rannpháirtithe go léir i dtírdhreach taighde comhoibritheach. Tá idircheangal ann idir ranna rialtais, gníomhaireachtaí a thugann maoiniú, údaráis rialála, an lucht acadúil agus an réimse tionscail agus, dá bhrí sin, cruthaítear timpeallacht bhríomhar taighde.

Tá ról gníomhach spreagthach ag IDA sa phróiseas casta seo ó chéim an taighde phríomha go céim na tráchtála.

Tá an straitéis seo bunaithe ar an tallann is fearr ó thaobh taighde de a fháil in Éirinn agus ar fud an domhain le haghaidh gach ábhair taighde d'fhonn ardchumas taighde fadtéarmach a chruthú ag na leibhéil is airde.

Áirítear na nithe seo a leanas ar na hábhair taighde atá ar siúl in Éirinn:

- Leigheas Móilíneach
- Innealtóireacht Fíocháin
- Innealtóireacht Bhithleighis
- Neamhoird Ghastraistéigeacha
- Bithphróiseáil
- Diagnóisic & Braiteoirí
- Nanastruchtúir & Feistí
- Bogearraí Teileachumarsáide
- Ríomhaireacht Fhorleathan
- Gréasán Séimeantach
- Innealtóireacht Bogearraí

Tá léiriú ar an idircheangailteacht chomhoibritheach náisiúnta taighde sin le feiceáil sa léaráid thíos:



Ireland, knowledge is in our nature™



STAITISTICÍ 2005

RÁTÁIL DHOMHANDA NA hÉIREANN

DE RÉIR RANGUITHE IDIRNÁISIÚNTA TÁ ÉIRE I MEASC NA gCÚIG THÍR IS FEARR

De réir foinsí a aithnítear go hidirnáisiúnta, ar nós an Economist Intelligence Unit, an OECD, an *Wall Street Journal* agus an World Competitiveness Report , tá ionad an-ard ag Éirinn i dtaca le réimse leathan aicmí domhanda mar shampla caighdeán maireachtála, saoirse eacnamaíochta, oideachas agus leathan-aigeantacht.

Tá ÉIRE sa **CHÉAD ÁIT** san EIU Quality of Life Index don bhliain 2005

Sin de réir an Economist Intelligence Unit - Quality of Life Index 2005 a nascann torthaí suirbhéanna suibiachtúla ar shástacht leis an saol le fachtóirí oibiachtúla lena gcinntear caighdeán maireachtála in 111 tír.

Tá Éire sa **DARA hÁIT** i liosta na dtíortha domhandaithe

De réir A T Kearney Globalisation Index 2005, lena rangaítear domhandú polaitíochta, eacnamaíochta, pearsanta agus teicneolaíochta in 62 thír.

Tá Éire sa **DARA hÁIT** i dtaca leis an íomhá atá aici thar lear mar áit ina spreagtar forbairt ghnó

As an IMD World Competitiveness Report don bhliain 2006, at tuarascáil í ina ndéantar tomhas ar iomaíochas 60 geilleagar faoi 314 chritéar iomaíochais atá grúpáilte de réir ceithre phríomhghné:- Feidhmíocht Eacnamaíochta, Éifeachtúlacht Rialtais, Éifeachtúlacht Ghnó agus Bonneagar.

Tá Éire sa **DARA hÁIT** i dtaca leis an líon céimithe eolaíochta in aghaidh an 100,000 fostaí atá san aoisghrúpa 25-34

De réir eagrán EDUCATION AT A GLANCE 2005 de chuid an OECD. Tugann achoimre bhliantúil an OECD maidir le staitisticí comparáideacha an bonn le díospóireacht pholasaí agus cinntí sna tíortha is mó forbairt sa domhan.

Tá Éire sa **TRÍÚ hÁIT** sa domhan ó thaobh saoirse eacnamaíochta

The Heritage Foundation & the Wall Street Journal – déanann an Index of Economic Freedom don bhliain 2006 tomhas ar 161 tír in aghaidh liosta 50 athróg neamhspleách a bhaineann le 10 ghné leathana de shaoirse eacnamaíochta.

Tá Éire sa **TRÍÚ hÁIT** i dtaca le cultúr náisiúnta a bheith oscailte do smaointe coigríche

IMD Word Competitiveness Report 2006

Tá Éire sa **CEATHRÚ hÁIT** maidir le córais Oideachais a fhreastalaíonn ar riachtanais geilleagair iomaíoch

IMD World Competitiveness Report 2006

Tá Éire sa **CEATHRÚ hÁIT** in Olltáirgeacht Intíre per capita bunaithe ar phaireacht cumhachta ceannaigh (PCC).

OECD 2006

Tá Éire sa **CÚIGIÚ hÁIT** maidir le hoideachas ollscoile a fhreastalaíonn ar riachtanais geilleagair iomaíoch

IMD World Competitiveness Report 2006

STAITISTICÍ

Sa roinn seo, tugtar sonraí cuimsitheacha maidir le gníomhaíocht IDA agus, ina theannta sin, déantar uasdátú inti ar shonraí stairiúla lena chumasú comparáid a dhéanamh idir blianta i ndiaidh a chéile. Tá sonraí inti freisin maidir leis an tionchar atá ag cuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó IDA ar an ngeilleagar agus maidir leis an gcostas in aghaidh an phoist a chruthaítear agus a chothaítear agus, ina theannta sin, soláthraítear inti na sonraí fostaíochta uasdátaithe lena gcur i gcomparáid le blianta roimhe seo, de réir earnála agus de réir réigiúin.

Táscairí IDA Ireland

Táscaire	Luach 2005
An líon Tionscadal Nua	41
An líon Tionscadal Leathnaithe	30
Infheistíocht Chaipitiúil i dTionscadail Cheadaithe	€760m
An Meán-Tuarastal in Infheistíochtaí Nua	€37,000
Íocaíochtaí Bliantúla Cánach Corparáidí ag Cliant-Chuideachtaí de chuid an IDA	€2.5bn (measta)
Cruthú Fostaíochta (Poist Nua)	12,623
An líon Tionscadal Ceadaithe ag Cliant-Chuideachtaí de chuid an IDA i.e. tionscadail lena ngabhann Cumas Taighde & Forbartha, Forbairt Teicneolaíochta agus Nuálaíocht	50
Infheistíocht ag Cliant-Chuideachtaí de chuid an IDA i dTaighde & Forbairt	€275m
Comhoibriú Taighde & Forbartha idir Tionscal agus an Réimse Acadúil, ar comhoibriú é a fhaigheann tacaíocht IDA nó ar thionscain an IDA é	4
An líon Cliantchuideachtaí de chuid an IDA a infheistíonn níos mó ná €250,000 sa bhliain ar Thaighde & Forbairt	231
An líon Cliantchuideachtaí de chuid an IDA ag a bhfuil sainordú suntasach Taighde & Forbartha acu	161
An líon Cliantchuideachtaí de chuid an IDA ag a bhfuil sainordú chun táirgí agus seirbhísí a sholáthar do mhargaí san Eoraip, sa Mheán-Oirthear agus san Afraic (EMEA)	149

Tionchar eacnamaíoch a bhaineann le Cuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó IDA

	€ billiún 2002	€ billiún 2003	€ billiún 2004	Athrú mar % 2003-2004
Díolacháin	71.45	72.47	74.98	3.5%
Onnmhairí	67.29	68.57	71.29	4.0%
Caiteachas Díreach sa Gheilleagar, arb é a bhí ann:	15.33	16.03	15.53	- 3.1%
Costais Phá-Rolla	5.17	5.27	5.55	5.3%
Ábhair Éireannacha	5.02	4.47	3.89	-13.0%
Seirbhísí Éireannacha	5.14	6.29	6.09	- 3.2%
Caiteachas Díreach mar % de Dhíolacháin	21.5%	22.1%	20.7%	–

Foinse: Bunaithe ar an Annual Business Survey of Economic Impact, arna chomhordú ag Forfás agus arna riaradh ag Aonad Suirbhé na hInstitiúide um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI).

Nóta 1: Tá an suirbhé bunaithe ar chuideachtaí monarúcháin agus ar chuideachtaí seirbhísí trádálaithe go hidirnáisiúnta ag a bhfuil 10 bhfostaí nó níos mó (gan cuideachtaí rialáilte seirbhísí airgeadais a áireamh)

Nóta 2: Tá na torthaí bunaithe ar fhreagraí ó chuideachtaí ar an suirbhé sa bhliain 2005 (arna iomlánú chun neamh-fhreagróirí a léiriú). D'fhéadfadh torthaí a bheith éagsúil le meastacháin roimhe seo de bharr athruithe a dhéanann cuideachtaí agus de bharr difríochtaí i bpróifíl na bhfreagróirí ó thréimhse suirbhé amháin go ceann eile.

Poist nua, de réir earnála, i gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó IDA

Earnáil	2001	2002	2003	2004	2005
Cógaisíocht & Cúram Sláinte	1,495	1,522	1,438	1,434	**1,162**
Teicneolaíochtaí Eolais & Teilea-Chumarsáide (ICT)	3,032	2,606	2,499	2,940	**3,544**
Innealtóireacht	995	588	557	485	**429**
Tionscail Ilghnéitheacha	757	720	318	204	**462**
Seirbhísí Idirnáisiúnta agus Seirbhísí Airgeadais	6,510	5,490	4,524	6,677	**7,026**
Iomlán	**12,789**	**10,926**	**9,336**	**11,740**	**12,623**

Foinse: Suirbhé Bliantúil Fostaíochta Forfás 2005

Nóta 1: Is é atá i gceist le poist nua ná na poist nua go léir atá curtha ar fáil den chéad uair agus poist a líonadh i gcuideachtaí atá ag athghabháil a leibhéal fostaíochta ó ghearradh siar na bliana roimhe sin.

Nóta 2: Déantar earnálacha a aicmiú de réir an chóid NACE, arb é an t-aicmiú staitistiúil caighdeánach é i dtaca le gníomhaíochtaí eacnamaíochta san AE.

An Costas in aghaidh an Phoist a Chothaítear

Praghsanna Seasmhacha 2005

	1990-1996	1991-1997	1992-1998	1993-1999	1994-2000	1995-2001	1996-2002	1997-2003	1998-2004	1999-2005
IDA Ireland (€)	19,941	19,441	18,576	16,366	15,232	15,169	17,236	16,942	15,040	13,229

Foinse: Suirbhé Bliantúil Fostaíochta Forfás 2005

Nóta: Déantar an costas in aghaidh an phoist a chothaítear a ríomh trí chaiteachas go léir IDA Ireland ar gach gnólacht sa tréimhse lena mbaineann a chur i gcuntas. Nuair atá an ríomh á dhéanamh ní chreidiúnaítear ach poist a cruthaíodh i rith gach tréimhse seacht mbliana agus a cothaíodh lena linn.

Tionscnamh Cuideachtaí a fhaigheann Tacaíocht ó IDA

Tionscnamh	An Líon Cuideachtaí	Fostaíocht Iomlán
Stáit Aontaithe Mheiriceá	473	93,331
An Ghearmáin	135	10,986
An Ríocht Aontaithe	117	7,239
An chuid eile den Eoraip	210	16,364
An Áis/an tAigéan Ciúin	46	3,278
An chuid eile den Domhan	29	1,530
Iomlán	**1,010**	**132,728**

Fostaíocht Iomlán de réir réigiúin i gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó IDA

Limistéar/Réigiún	2001	2002	2003	2004	2005	athrú mar % 2004-2005
TEORAINN						
Iarthuaisceart/Dún na nGall	5,605	5,861	5,916	5,998	**5,709**	**-4.8%**
Oirthuaisceart	4,346	4,286	3,717	3,628	**3,474**	**-4.2%**
IARTHAR/MEÁN-IARTHAR						
Iarthar	13,085	11,885	11,977	11,963	**12,951**	**+8.3%**
Meán-Iarthar	13,863	12,003	11,167	11,029	**11,400**	**+3.4%**
LÁR-TÍRE & OIRTHEAR						
Lár-Tíre	5,792	5,639	4,976	4,903	**5,413**	**+10.4%**
Oirthear	62,984	62,052	60,553	61,247	**62,651**	**+2.3%**
DEISCEART						
Iardheisceart	20,337	19,589	19,358	19,785	**20,130**	**+1.7%**
Oirdheisceart	10,343	10,893	10,900	10,763	**11,000**	**+2.2%**
Iomlán - IDA	136,355	132,208	128,564	129,316	**132,728**	**+2.6%**

Foinse: Suirbhé Bliantúil Fostaíochta Forfás 2005

Fostaíocht i gCuideachtaí a fhaigheann Tacaíocht ó IDA

	1996	1997	1998	1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005
Poist nua a líonadh	13,184	14,676	15,955	17,643	23,071	12,789	10,926	9,336	11,740	**12,623**
An líon cuideachtaí	1,032	1,093	1,154	1,259	1,247	1,143	1,103	1,066	1,027	**1,010**
Fostaíocht lánaimseartha	99,430	109,118	117,779	126,320	141,367	136,355	132,208	128,564	129,316	**132,728**
Athrú Glan Ar Fhostaíocht Lánaimseartha	7,204	9,688	8,661	8,541	15,047	- 5,012	- 4,147	- 3,644	752	**3,412**
Athrú glan mar %	+7.8%	+9.7%	+7.9%	+7.3%	+11.9%	- 3.5%	- 3.0%	- 2.8%	+ 0.6%	**+2.6%**
Poist a cailleadh	-5,980	-4,988	-7,294	-9,102	-8,024	-17,801	-15,073	-12,980	-10,988	**-9,211**
Poist a cailleadh mar % den líon iomlán post	-6.0%	-4.6%	-6.2%	- 7.2%	-5.7%	-13.1%	-11.4%	-10.1%	- 8.5%	**-6.9%**
Fostaíocht eile	9,445	13,532	15,174	15,592	14,640	11,958	11,986	14,342	17,194	**16,845**

Foinse: Suirbhé Bliantúil Fostaíochta Forfás 2005

Fostaíocht iomlán de réir earnála i gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó IDA

Earnáil	2001	2002	2003	2004	2005	athrú mar % 2004-2005
Cógaisíocht & Cúram Sláinte	18,605	19,016	19,326	19,986	**20,138**	**+0.8%**
Teicneolaíochtaí Eolais & Teilea-Chumarsáide (ICT)	46,056	43,243	40,995	41,756	**43,513**	**+4.2%**
Innealtóireacht	17,558	16,481	15,284	13,916	**13,519**	**-2.9%**
Tionscail Ilghnéitheacha	10,449	10,004	9,239	8,242	**8,162**	**-1.0%**
Seirbhísí Idirnáisiúnta agus Seirbhísí Airgeadais	43,687	43,464	43,720	45,416	**47,396**	**+4.4%**
Iomlán	**136,355**	**132,208**	**128,564**	**129,316**	**132,728**	**+2.6%**

Foinse: Suirbhé Bliantúil Fostaíochta Forfás 2005

Nóta: Déantar earnálacha a aicmiú de réir an chóid NACE, arb é an t-aicmiú staitistiúil caighdeánach é i dtaca le gníomhaíochtaí eacnamaíochta san AE.

Ireland, knowledge is in our nature™



IDA IRELAND 2006

Bord 2006

Coistí de chuid an Bhoird 2006

Rialachas Corparáideach

Struchtúr Eagrúcháin

Oifigí IDA

BORD **2006**

Feidhmíonn an Bord faoi phrionsabail dea-chleachtais i dtaca le rialachas corparáideach agus i gcomhréir leis na treoirlínte atá leagtha amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais agus déanann sé amhlaidh ina chuid gníomhaíochtaí féin agus sa tslí ina n-úsáideann sé coistí.

Tá sé freagrach as polasaithe leathana na heagraíochta a leagadh síos agus as monatóireacht a dhéanamh ar a hoibríochtaí. Déanann sé na feidhmeanna sin a chomhlíonadh go díreach agus trí úsáid a bhaint as sainchoistí de chuid an Bhoird. Tá an bhainistíocht fheidhmiúcháin freagrach as an bpolasaí a chur i gcrích.

Tá údarás reachtúil ag an mBord chun cúnamh deontais a cheadú suas go dtí na leibhéil atá leagtha amach sna hAchtanna um Fhorbairt Tionscail agus chun moladh a thabhairt don Rialtas i leith cúnaimh deontais atá os cionn na leibhéal sin.

De réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, cuireann comhaltaí Bord IDA Ireland Ráiteas Leasanna ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus don Rúnaí.

De réir an Chóid Cleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Stáit, déanann IDA polasaí Rialtais ar phá Príomhfheidhmeannach agus fostaithe Comhlachtaí Stáit agus treoirlínte Rialtais ar tháillí a íoc le Comhaltaí an Bhoird a chomhlíonadh go hiomlán.

John Dunne
Cathaoirleach, IDA Ireland
Comhalta Boird, An Rialtóir Airgeadais
Comhalta Boird, Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann

Loretta Brennan Glucksman
Cathaoirleach, American Ireland Fund

Bernard Collins
Cathaoirleach, VHI Healthcare
Stiúrthóir roinnt cuideachtaí feistí liachta
Iar-Leasuachtarán ar Oibríochtaí Idirnáisiúnta agus Stiúrthóir an Bhoird Idirnáisiúnta, Boston Scientific Corp.

Kieran Corrigan
Comhpháirtí Bainistíochta,
Kieran Corrigan & Co., Cuntasóirí Cairte
Stiúrthóir Bainistíochta, Merlin Films Int. Ltd.

Sean Dorgan
Príomhfheidhmeannach, IDA Ireland
Comhalta Boird, Forfás
Cathaoirleach Chomhlacht Ceannais Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT)

Bríd Horan
Bainisteoir Ginearálta, Pinsin, BSL
Coimisinéir, An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Thomas Lynch
Cathaoirleach, Amarin Corporation plc
Stiúrthóir, ICON plc

Paul Mackay
Cuntasóir Cairte agus Cleachtóir dócmhainneachta

Gerard O'Mahoney
Comhpháirtí, Deloitte & Touche

Nial Ring
Stiúrthóir, Fairlee Properties Ltd.

Brian Whitney
Rúnaí Cúnta, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Martin Burbridge
Rúnaí

D'éirigh Gary Kennedy as oifig ag deireadh na bliana 2005, i gcomhréir leis an ngnáthphróiseas rothlach i ndáil le héirí as oifig.

COISTÍ DE CHUID AN BHOIRD **2006**

An Coiste Iniúchta & Airgeadais:

Cabhraíonn sé agus tacaíonn sé leis an mBord le linn a fhreagrachtaí dlíthiúla agus cuntasaíochta a chomhlíonadh; téann sé i dteagmháil le hiniúchóirí seachtracha agus déanann sé feidhm an iniúchta inmheánaigh a mheasúnú agus a rialú; déanann sé athbhreithniú ar phleanáil airgeadais agus monatóireacht ar shocruithe buiséadachta agus baincéireachta.

Comhaltaí:

Kieran Corrigan (Cathaoirleach)
Loretta Brennan Glucksman
John Dunne
Gerard O'Mahoney
Brian Whitney

An Coiste um Fhorbairt Bainistíochta & Luach Saothair:

Tá sé freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na foirne bhainistíochta agus as pleanáil a dhéanamh maidir le forbairt bhainistíochta agus comharbas. Déanann an Coiste athbhreithniú freisin ar luach saothair na bainistíochta sinsearaí i gcomhthéacs treoirlínte rialtais.

Comhaltaí:

John Dunne (Cathaoirleach)
Bernard Collins
Sean Dorgan
Bríd Horan
Thomas Lynch
Paul Mackay

An Coiste Infheistíochta:

Déanann sé athbhreithniú ar mholtaí maidir le cúnamh deontais ar bhonn tarmligthe ón mBord chun deontais a cheadú suas go huasmhéid €1.5 milliún.

Comhaltaí:

Nial Ring (Cathaoirleach)
Kieran Corrigan
Sean Dorgan
Brian Whitney

An Coiste Maoine:

Déanann sé athbhreithniú ar pholasaí maidir le maoiniú, soláthar, cothabháil agus diúscairt maoine, ceadaíonn sé nósanna imeachta maidir le tairiscintí agus bronnadh conarthaí agus ceadaíonn sé caiteachas/díolacháin suas go €5 mhilliún.

Comhaltaí:

Bríd Horan (Cathaoirleach)
Bernard Collins
Sean Dorgan
Thomas Lynch
Paul Mackay

RIALACHAS **CORPARÁIDEACH**

Is gníomhaireacht reachtúil féinrialaitheach í IDA Ireland a bunaíodh faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1986 go 2003. Oibríonn an Ghníomhaireacht de réir fhorálacha na nAchtanna agus faoi choimirce an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ag a bhfuil cumhacht maoiniú a sholáthar chun dualgais na gníomhaireachta a chomhlíonadh agus treoracha ginearálta polasaí a eisiúint/eolas a lorg ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

Cé go bhfuil na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail mar phríomhfhoinse le haghaidh rialachas corparáideach do IDA Ireland, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht freisin raon ceanglas reachtúil agus ceanglas riaracháin eile (idir cheanglais náisiúnta agus cheanglais AE) a chomhlíonadh. Deimhníonn IDA Ireland gur chomhlíon sé a oibleagáidí maidir leis na ceanglais sin go léir. Go háirithe, tá na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm aige lena chinntiú go gcomhlíontar ceanglais shonracha:

1. Ceanglais Ghinearálta maidir le Polasaí agus Riarachán

Ag leibhéal náisiúnta, oibríonn IDA Ireland go dlúth le hoifigigh na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus le hoifigigh ranna eile rialtais & gníomhaireachtaí eile stáit, le linn a chuspóirí a chur ar aghaidh agus le linn a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais reachtúla, riaracháin agus aireachta/rialtais. Ag leibhéal áitiúil, oibríonn an Ghníomhaireacht go dlúth le hÚdaráis Áitiúla, le forais oideachais, le gníomhaireachtaí eile stáit agus le raon leathan eagraíochtaí áitiúla/ionadaithe poiblí chun an timpeallacht áitiúil a fhorbairt atá riachtanach chun infheistíocht nua a mhealladh.

Tá treoir pholasaí a d'eisigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar an 15 Deireadh Fómhair 2003 á chur i bhfeidhm ag IDA Ireland ar treoir é a bhfuil an méid seo a leanas le léamh inti:

> *I Márta 2002 ghlac an Coimisiún Eorpach Creat Ilearnála maidir le cúnamh réigiúnach do thionscadail mhóra infheistíochta. Chinn an Coimisiún freisin roinnt beart a mholadh faoi Airteagal 88(1) den Chonradh mar atá leagtha amach sa Chreat. Chun gur féidir na ceanglais atá gan comhlíonadh fós a chomhlíonadh, leasaítear leis seo na Rialacha Riaracháin reatha a bhaineann le scéimeanna cúnaimh d'fhorbairt réigiúnach don tréimhse 2000 go 2006.*
>
> *De réir na gcumhachtaí a thugtar don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le hAlt 13 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986, ordaím leis seo, ar mhodh polasaí ghinearálta agus faoi réir an tAcht a chomhlíonadh, go ndéanfar tacaíocht IDA do thionscadail infheistíochta tosaigh agus do thionscadail chruthaithe post atá nasctha le hinfheistíocht a sholáthar de réir na rialacha seo sa tréimhse 2000 go 2006.*

2. Cód Cleachtais maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú

Déanann IDA Ireland an Cód Cleachtais seo a chomhlíonadh go hiomlán agus, go háirithe, dearbhaíonn sé go gcomhlíonann sé na hailt seo a leanas.

Ailt 9.2 & 10.2: Chomhlíon Cathaoirleach an Bhoird leo seo i litir ar leithligh a tugadh don Aire Fiontar, Trádála & Fostaíochta.

Ailt 10.1 & 10.2 (iii): déanann an Ghníomhaireacht córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád ar bun agus a oibriú (Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais, leathanach 31).

Alt 10.2 (v): Tá polasaí Rialtais i leith pá Príomhfheidhmeannach agus fostaithe comhlachtaí stáit á chomhlíonadh. (Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais, Uimh. 9 leathanach 39, agus Bord 2006, leathanach 22).

Alt 10.2 (vi): Tá treoirlínte Rialtais ar tháillí Stiúrthóirí a íoc á gcomhlíonadh. (Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais, Uimh. 9 leathanach 39, agus Bord 2006, leathanach 22).

Alt 11: Tá próisis bunaithe ag Bord IDA chun pleanáil fhónta chorparáideach etc. a chinntiú, de réir mar a cheanglaítear leis an alt seo. (Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach, leathanach 31, agus Bord 2006, leathanach 22).

Ailt 12.1 & 2: Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird, sa litir ar leithligh a tugadh don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, gur chomhlíon IDA a oibleagáidí faoin dlí a bhaineann le cúrsaí cánach.

Tá na scéimeanna agus na cláir atá á riaradh ag IDA de réir na reachtaíochta lena rialaítear oibriú na Gníomhaireachta agus tá córais chuí maidir le bainistiú priacal i bhfeidhm.

3. Ráiteas Cleachtais na gCoimisinéirí Ioncaim SP - IT/1/04 faoin tslí ina nDéileálfar, ó thaobh Cánach, le Luach Saothair Comhaltaí de chuid Coistí agus Bord Stáit agus Stát-Urraithe.

Comhlíonann IDA Ireland an Ráiteas Cleachtais seo go hiomlán.

4. Treoirlínte maidir le Measúnú agus Bainistiú Moltaí le haghaidh Caiteachais Chaipitiúil

Tá nósanna imeachta maithe daingne curtha i bhfeidhm ag IDA maidir le Measúnú agus Bainistiú tionscadal lena ngabhann Caiteachas Caipitiúil a éiríonn faoi chlár na ndeontas caipitiúil nó faoi n gclár Maoine. Comhlíonann na nósanna imeachta sin, go hiomlán, na prionsabail atá leagtha amach sna Treoirlínte maidir le Measúnú agus Bainistiú Moltaí le haghaidh Caiteachais Chaipitiúil.

5. Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Is tosaíocht sheanbhunaithe do IDA í an comhionannas. Tá clár oibre forchéimnitheach ag an eagraíocht maidir le comhionannas agus éagsúlacht agus bíonn tionscnaimh nua á bhforbairt ar bhonn leanúnach.

Tá meas ag IDA ar an éagsúlacht agus déanann sé iarracht feidhmiú mar fhostóir deiseanna comhionanna a spreagann saothair gach duine ar leithligh agus a bhfuil meas aige ar éagsúlachtaí. Chuige sin, táimid tiomanta i leith deimhin a dhéanamh de nach bpléitear le haon bhall foirne den IDA, nó le haon iarratasóir ar fhostaíocht san IDA, i slí is lú fabhar ná mar a dhéantar i gcás aon duine eile ar na forais seo a leanas: inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine, ballraíocht de phobal an lucht siúil nó aon fhoras eile nach mbaineann le cleachtas maith fostaíochta. Baineann sé seo le hearcaíocht, le coinníollacha oibre agus le deiseanna forbartha.

Tá IDA tiomanta i leith timpeallacht chothrom oibre/ gnáthshaoil a chothú agus a fhorbairt dá fhoireann go léir.

6. An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989

De réir an Achta seo, leanann IDA Ireland de bhearta cuí a chur i bhfeidhm chun sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe go léir laistigh dá oifigí a chosaint. Baineann sé seo leis na hAchtanna um Shláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004 a achtaíodh le déanaí.

7. An tAcht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1988

Tá struchtúir chomhairliúcháin fo-Bhoird ag feidhmiú go héifeachtach in IDA Ireland agus is gné aitheanta iad de struchtúr cumarsáide agus comhairliúcháin na heagraíochta. Cuireann an bainistíocht agus an fhoireann araon fáilte roimh an gComhchoiste Comhairliúcháin mar phróiseas dearfach. Ina theannta sin, tá comhaontú eile comhpháirtíochta curtha ar bun in éineacht leis an gCeardchumann d'fhonn gníomhaíochtaí faoi Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn a chur chun cinn.

8. An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001

De réir na nAchtanna thuas, tá ráitis leasanna comhlánaithe ag gach comhalta de Bhord IDA Ireland agus ag gach duine d'fhoireann IDA a bhfuil poist ainmnithe acu, i gcomhlíonadh fhorálacha na nAchtanna.

9. Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003

Comhlíonann IDA Ireland na hAchtanna seo. Is ceart iarrataí ar fhaisnéis faoi na hAchtanna seo a sheoladh chuig an bhFeidhmeannach um Shaoráil Faisnéise, IDA Ireland, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

10. Éifeachtacht Fhuinnimh

I gcomhlíonadh mheabhrán an Rialtais dar dáta Meitheamh 2001, déanann IDA Ireland, maidir le dearadh, pleanáil agus tógáil foirgneamh oifige agus monarúcháin ina chuid Páirceanna Gnó agus Teicneolaíochta, prionsabail 'dea-chleachtais' a chur i bhfeidhm i ngach cás. Tá oifigí IDA sna réigiúin i gcomhréir le prionsabail 'dea-chleachtais' freisin. Tá na hoifigí i mBaile Átha Cliath faoi bhainistíocht Forfás.

STRUCHTÚR NA **hEAGRAÍOCHTA**



OIFIGÍ **IDA**

CEANNOIFIG

IDA Ireland
Teach Pháirc Wilton,
Plás Wilton,
Baile Átha Cliath 2,
Éire
Fón: + 353 1 603 4000
Facs: + 353 1 603 4040
www.idaireland.com

OIFIGÍ RÉIGIÚNACHA

Éire-Teorainn

Teorainn
Bóthar Bhaile Átha Cliath
An Cabhán
Fón: (049) 436 8820
Facs: (049) 433 2047

Dún na nGall
Teach Portland
Bóthar an Phoirt
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall
Fón: (074) 9169 810
Facs: (074) 9169 801

An tIarthuaisceart
Páirc Ghnó Fion Arclain
Sligeach
Fón: (071) 9159 710
Facs: (071) 9159 711

An tOirthuaisceart
Campas Gnó Finnabair
Dún Dealgan
Co. Lú
Fón: (042) 935 4410
Facs: (042) 935 4411

Éire Iarthar & Meán-Iarthar

Iarthar
Páirc Ghnó Mervue
Gaillimh
Fón: (091) 735 910
Facs: (091) 735 911

Meán-Iarthar
1ú hUrlár,
Teach Chandler
Sráid Anraoi
Luimneach
Fón: (061) 468020
Facs: (061) 468030

Éire-Deisceart

An tIardheisceart
Teach an Tionscail
Ascaill Rossa
Baile an Easpaig
Corcaigh
Fón: (021) 480 0210
Facs: (021) 480 0202

An tOirdheisceart
Páirc Ghnó &
Teicneolaíochta Phort Láirge
Bóthar Chorcaí
Port Láirge
Fón: (051) 333055
Facs: (051) 333054

Éire-Lár-Tíre & Oirthear

Lár-Tíre
Páirc Ghnó &
Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain
Garraí an Chaisleáin
Bóthar Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí
Fón: (090) 6471 500
Facs: (090) 6471 550

An tOirthear
Teach Pháirc Wilton
Plás Wilton
Baile Átha Cliath 2
Fón: (01) 603 4000
Facs: (01) 603 4298

IDA IRELAND - OIFIGÍ THAR LEAR

An Eoraip

An Ghearmáin
Bockenheimer
Landstrasse 39
60325 Frankfurt am Main
Fón: (069) 70 60 99-0
Facs: (069) 70 60 99-70

An Ísiltír
World Trade Center
Strawinskylaan 861
1077 XX Amsterdam
Fón: (20) 679 8666
Facs: (20) 679 1321

An Ríocht Aontaithe
Ireland House
150 New Bond Street
London W1S 2TX
Fón: (020) 7629 5941
Facs: (020) 7629 4270

Stáit Aontaithe Mheiriceá

Nua-Eabhrac
17th Floor
345 Park Avenue
New York
NY 10154-0004
Fón: (212) 750 4300
Facs: (212) 750 7357

Atlanta
IDA Ireland
PO Box 190129
Atlanta
GA 31119 - 0129
Fón: (404) 257 8799
Facs: (404) 257 0529

Chicago
77 West Wacker Drive
Suite 4070
Chicago
IL 60601-1629
Fón: (312) 236 0222
Facs: (312) 236 3407

California
800 W. El Camino Real
Suite 450
Mountain View
CA 94040
Fón: (650) 967 9903
Facs: (650) 967 9904

An Áise-Aigéan Ciúin

An Astráil
Ireland House
Level 30
400 George Street
Sydney, NSW 2000
Fón: (2) 8233 6224
Facs: (2) 8233 6227

An tSín
IDA Ireland
Suite 655
Shanghai Centre
1376 Nanjing Road West
Shanghai 200040
Fón: (21) 6279 8500
Facs: (21) 6279 8505

An tSeapáin
Ireland House 2F
2-10-7 Kojimachi
Chiyoda-Ku
Tokyo 102-0083
Fón: (3) 3262 7621
Facs: (3) 3261 4239

An Chóiré
Ireland House
Daehan Fire and Marine Insurance Building
15th Floor
51-1 Namchang Dong
Chung-Ku
Seoul 100-778
Fón: (2) 755 4767/8
Facs: (2) 757 3969

Téaváin
ITI Ireland
Room 7B-09
Floor 7
Taipei World Trade Centre
5 Hsin Yi Road
Section 5
Taipei
Fón: (2) 2725 1691
Facs: (2) 2725 1653

Chun teagmháil a dhéanamh le IDA le ríomhphost: **túsainm.sloinne@ida.ie** Fiosraithe ginearálta: **idaireland@ida.ie**

RÁITIS **AIRGEADAIS**

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird
Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais
An Bonn Cuntasaíochta
Na Polasaithe Cuntasaíochta

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LENA TÍOLACADH DO **THITHE AN OIREACHTAIS**

Tá ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha Tionscail don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005 iniúchta agam faoin Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993.

Is é atá sna ráitis airgeadais a ullmhaíodh faoi na polasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu ná na Polasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Oibrithe, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí Bhord na Gníomhaireachta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá freagracht ar an nGníomhaireacht as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Fhorbairt Tionscail, 1993 agus as rialtacht idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais de réir cleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis i gcoitinne in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta chomhaltaí na Gníomhaireachta leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird.

Tá sé de fhreagracht ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir ceanglas iomchuí, idir cheanglais dhlíthiúla agus cheanglais rialála, agus de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tugaim mo thuairim i dtaobh an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor cothrom de réir cleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis i gcoitinne in Éirinn. Tugaim tuairisc freisin i dtaobh an ndearnadh, dar liom, leabhair chuí cuntais a choinneáil. Ina theannta sin, luaim an bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair cuntais.

Tugaim tuairisc ar aon chás ábhartha inar tharla nár úsáideadh airgead le haghaidh na gcuspóirí a bhí beartaithe nó nach bhfuil na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis lena rialaítear iad.

Tugaim tuairisc freisin i gcás bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe is gá chun críocha m'iniúchta.

Déanaim athbhreithniú i dtaobh an léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais go gcomhlíonann an Ghníomhaireacht an Cód Cleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Poiblí agus tuairiscím aon chás ábhartha inar tharla nach ndéantar amhlaidh nó i gcás ina bhfuil an ráiteas míthreorach nó ar neamhréir le faisnéis eile atá ar eolas agam tar éis dom na ráitis airgeadais a iniúchadh. Níl aon cheangal orm breithniú a dhéanamh i dtaobh an gclúdaíonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais na priacail agus na rialuithe airgeadais go léir ná tuairim a fhoirmiú ar éifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú

An Bonn atá le mo Thuairim Iniúchóireachta

I bhfeidhmiú m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag Bord na gCleachtas Iniúchóireachta agus faoi threoir na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainistíochta agus oibriúcháin i gcomhlachtaí Stáit. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a nochtar sna ráitis airgeadais mar aon le fianaise a bhaineann le rialtacht idirbheart airgeadais. Chomh maith leis sin, áirítear ann measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh le linn na ráitis airgeadais a ullmhú, agus measúnacht i dtaobh an oireann na polasaithe cuntasaíochta d'imthosca na Gníomhaireachta, ar feidhmíodh na polasaithe sin ar bhealach comhréireach agus ar nochtadh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh ionas go bhfaighfí an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheas mé a bheith riachtanach chun go mbeadh dóthain fianaise agam a d'fhágfadh go mbeadh deimhniú réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. Le linn mo thuairim a fhoirmiú, rinne mé meastóireacht freisin ar a shásúla, tríd is tríd, a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor cothrom, de réir Cleachtais Cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis i gcoitinne in Éirinn, ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta ar an 31 Nollaig 2005 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar chríoch an dáta sin.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail leabhair chuí cuntais. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair cuntais.



John Purcell
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
8 Bealtaine 2006

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAI **CHOMHALTAÍ AN BHOIRD**

Bunaíodh Gníomhaíocht Forbartha Tionscail na hÉireann (IDA) ar an 1 Eanair1994 mar ghníomhaireacht de chuid Forfás (an Bord comhairleach agus polasaí le haghaidh forbairt tionscail in Éirinn) faoi fhorálacha an Achta um Fhorbairt Tionscail 1993.

Le mír 7 (2) den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht na leabhair cuntais chuí go léir agus na gnáthchuntais go léir maidir le hairgead a fhaigheann sí agus a chaitheann sí a choinneáil i cibé foirm a cheadaíonn an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le cead an Aire Airgeadais. Le linn na cuntais sin a ullmhú, ceanglaítear mar a leanas ar an mBord:

- *polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhréireach*
- *breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus críonna*
- *na Ráiteas Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura rud é go bhfuil sé míchuí a cheapadh go leanfaidh an Ghníomhaireacht i ngníomh*
- *aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú*

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí cuntais a choinneáil ina nochtar go réasúnta cruinn, aon tráth áirithe, staid airgeadais na Gníomhaireachta agus lena gcumasaítear di a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Mír 7(2) den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní uile na Gníomhaireachta a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar Cheann an Bhoird:

John Dunne
Cathaoirleach

Sean Dorgan
Príomhfheidhmeannach

Kieran Corrigan
Cathaoirleach, Coiste Iniúchta agus Airgeadais

RÁITEAS AR AN gCÓRAS INIÚCHTA
INMHEÁNAIGH AIRGEADAIS

Thar ceann Bord an IDA admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéanann an Ghníomhaireacht córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád ar bun agus a oibriú. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach, seachas deimhniú iomlán, a sholáthair go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí ábhartha nó mírialtachtaí á gcosc nó go ndéanfaí iad a bhrath laistigh de thréimhse thráthúil.
Tá bearta déanta ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe oiriúnach i bhfeidhm tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú trí fheidhmeanna éagsúla coiste chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint
- freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú agus a thaifeadadh go soiléir
- chultúr láidir cuntasachta a fhorbairt ag gach leibhéal den eagraíocht

Tá próisis bunaithe ag an mBord freisin chun priacail ghnó a shainaithint agus a mheasúnú. Baintear é seo amach i roinnt slite lena n-áirítear:

- *oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí agus institiúidí éagsúla chun a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ann ar aidhmeanna IDA agus go bhfuil tacaíocht ann do straitéisí na Gníomhaireachta chun na haidhmeanna sin a bhaint amach*
- *athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar phleananna straitéiseacha, idir ghearrthéarmach agus fhadtéarmach, agus measúnú a dhéanamh ar na priacail a bhaineann leis na pleananna sin a chur i gcrích;*
- *spriocanna bliantúla agus spriocanna níos faide amach a leagan amach do gach réimse dár ngnó agus, ina dhiaidh sin, tuairisciú rialta ar na torthaí atá bainte amach*
- *athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar fhorbairtí agus straitéisí inár n-earnálacha gnó;*
- *nósanna imeachtaí agus forálacha atá caighdeánach forleathan a bhunú agus a chur chun feidhme ar nósanna imeachta agus forálacha iad ar fúthu a fhéadfar cúnamh airgeadais a chur ar fáil do thionscadail, lena n-áirítear forálacha lena gceanglaítear aisíocaíocht a dhéanamh mura gcomhlíonann an tionscadail gealltanais a dhéanann an tionscnóir.*

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat ina gcuimsítear eolas rialta eolais bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear dualgais a scaradh óna chéile, agus córas maidir le tarmligean agus cuntasacht. Go háirithe, áirítear an méid seo a leanas ann:

- *córas cuimsitheach buiséadachta ina gcuimsítear buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn an Bord*
- *athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais, tuarascálacha tréimhsiúla agus tuarascálacha bliantúla, ar tuarascálacha iad a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí*
- *spriocanna a leagan amach maidir le feidhmíochtaí airgeadais agus feidhmíocht de chineál eile a thomhas*
- *treoirlínte maidir le rialú infheistíochta caipitiúla ar treoirlínte iad atá sainmhínithe go soiléir;*
- *disciplíní foirmiúla i ndáil le bainistíocht tionscadal.*

Tá roinn iniúchta inmheánach ag an IDA agus tuairiscíonn sí go díreach do Choiste Iniúchta & Airgeadais an Bhoird. Tagann an coiste seo le chéile ar bhonn ráithiúil ar a laghad chun tuarascálacha a ullmhaíonn an Roinn Iniúchta Inmheánaigh agus ranna eile a athbhreithniú. Coimeádann Coiste Iniúchta & Airgeadais an Bord ar an eolas faoi na hábhair atá breithnithe aige.

Oibríonn feidhm an iniúchta inmheánaigh de réir Cóid Creata maidir le Dea-Chleachtas atá leagtha amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Stáit. Déanann an Coiste Iniúchta & Airgeadais plean oibre rothlach trí bliana Iniúchta Inmheánaigh a chinneadh agus athbhreithnítear é ina aghaidh na bliana más gá. Sa phlean oibre reatha cuirtear i gcuntas réimsí ina bhfuil priacail ionchasacha a shainaithnítear le linn measúnú priacal arna dhéanamh ag an lucht bainistíochta agus déanann an Coiste Iniúchta & Airgeadais agus an Bord Athbhreitniú air sin. Soláthraíonn an tIniúchóir Inmheánach tuarascálacha ráithiúla don Choiste ar thascanna atá déanta. Tugann na tuarascálacha sin suntas d'aon easnaimh nó laigí sa chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais, más ann, agus na bearta ceartaithe a mholtar a ghlacadh más gá.

Dearbhaím, i leith na bliana dár chríoch an 31 Nollaig 2005, go ndearna an Bord athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais. Le linn don Bhord monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, úsáideann sé eolas a fhaightear ó obair an Iniúchóra Inmheánaigh agus bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de IDA ar a bhfuil freagracht as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird

John Dunne
Cathaoirleach
12 Aibreán 2006

Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais ullmhaithe de réir na nósmhaireachta costais stairiúil san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le toiliú an Aire Airgeadais agus tá siad ainmnithe sa euro.

Déantar na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn fabhrúcháin, ach amháin mar atá luaite thíos. Is é atá sa bhliain airgeadais ná 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig. Glactar Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais arna moladh ag comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta faoi mar a thagann siad chun bheith infheidhme.

Is é atá sna Sócmhainní Dochta Inláimhsithe ná:

(a) Talamh atá á shealbhú chun críocha forbartha tionscail.

(b) Oibreacha forbartha láithreáin.

(c) Foirgnimh thionscail ar léas le tionóntaí, lena n-áirítear foirgnimh atá i gcúrsa a ndíola i gcás nár aistríodh an teideal ag deireadh na bliana.

(d) Maoin fholamh atá ar fáil i gcomhair cur chun cinn tionscail nó atá á díol i gcás nár aistríodh an teideal ag deireadh na bliana.

(e) Sócmhainní Dochta eile lena n-áirítear mótar-fheithiclí, trealamh ríomhaireachta agus trealamh oifige, feistis agus daingneáin.

Sócmhainní Teileachumarsáide:

Is é atá i Sócmhainní Teileachumarsáide ná ceart dochlóite chun cuid ainmnithe de ghréasán teileachumarsáide domhanda a úsáid ar feadh tréimhse 25 bliana ón mbliain 2000 amach.

Is é atá in Infheistíochtaí ná infheistíochtaí cothromais amháin.

Is é atá i gCuntais Infhaighte ná méideanna atá dlite i leith na nithe seo a leanas:

(a) Maoin a dhíoltar ar bhonn iarchurtha. Gearrtar ús ar na méideanna seo de réir Rátaí Iasachta Státchiste arna gcur in iúl ag an Roinn Airgeadais nó de réir Ráta Tagartha Lascaine AE de réir mar is infheidhme.

(b) Cíosanna atá dlite faoi théarmaí comhaontuithe léasa, ar feadh tréimhsí suas go 35 bliana, ar comhaontuithe iad a dhéantar idir an Ghníomhaireacht agus tionóntaí, muirir ar úsáid talún neamhfhorbartha agus muirir chothabhála a ghearrtar ar thionóntaí.

(c) Táillí ó roghanna ceannaigh a thugtar ar mhaoin IDA, éarlaisí a íocann IDA chun maoin a cheannach i gcás nár aistríodh an teideal chuig an nGníomhairteacht faoin 31 Nollaig, agus seirbhísí eile a sholáthar.

(d) Méideanna atá dlite i leith sócmhainní teileachumarsáide a dhiúscairt.

(e) Méideanna atá dlite i leith socruithe comhpháirteacha.

(f) Méideanna atá dlite i leith iasachtaí arna n-airleacan chuig cuideachtaí.

Is é atá i gCuntais Iníoctha ná méideanna is iníoctha i leith na nithe seo a leanas:

(a) Creidiúnaithe.

(b) Deontais atá aibí chun a n-íoca.

(c) Taiscí atá faighte i leith diúscairtí maoine atá ar siúl.

Ar mhodh meamraim, tá Ioncam agus Caiteachas i leith idirbheart Maoine Tionscail leagtha amach i nóta 22 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Ioncaim a Aithint

Maidir le hioncam ó dheontais Oireachtais, ó aisíocaíochtaí deontais, ó gCiste Náisiúnta Oiliúna, ó Chiste Sóisialta na hEorpa, ó Chiste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa agus ó infheistíochtaí, is ionann é agus airgead a fuarthas iarbhír.

Maoin Thionsclaíoch

Rinneadh maoin thionsclaíoch atá san áireamh i sócmhainní dochta inláimhsithe a fháil, a fhorbairt nó a thógáil chun cabhair a thabhairt maidir le cur chun cinn agus forbairt tionscail agus ní mheastar gur maoin infheistíochta í ach gur gnáthshócmhainní dochta í

Méideanna a Thabhairt ar Aghaidh, Díluacháil agus Forálacha maidir le Dochar

(a) Is é atá sna méideanna a thugtar ar aghaidh i ndáil le sócmhainní dochta inláimhsithe, seachas talamh, agus i ndáil le sócmhainní teileachumarsáide ná:
Costas stairiúil lúide díluacháil charnaithe agus lúide soláthar maidir le dochar a dhéanamh do na sócmhainní, mar infheidhme, chun iarracht a dhéanamh a chinntiú nach bhfuil luach na sócmhainní a thugtar ar aghaidh sna Ráitis Airgeadais níos mó ná a méideanna aisghabhála measta.

(b) Is é atá sna méideanna a thugtar ar aghaidh i ndáil le Talamh agus Infheistíochtaí ná:
Costas stairiúil lúide soláthar maidir le dochar a dhéanamh do na sócmhainní, mar infheidhme, chun iarracht a dhéanamh a chinntiú nach bhfuil luach na sócmhainní a thugtar ar aghaidh sna Ráitis Airgeadais níos mó ná a méideanna aisghabhála measta.

(c) Déantar díluacháil a ríomh chun costais sócmhainní a dhíscríobh lúide, más infheidhme, aon soláthar maidir le dochar a dhéantar thar an méid measta dá saolré úsáideach atá fágtha. Ní dhéantar aon soláthar maidir le díluacháil i gcás talún ná infheistíochtaí.

(d) Is féidir soláthar a dhéanamh maidir le dochar tar éis athbhreithnithe ar shócmhainní dochta, ar shócmhainní teileachumarsáide agus ar infheistíochtaí arna ndéanamh ag oifigigh de chuid IDA nó ag luachálaithe neamhspleácha, de réir mar is cuí, má léiríonn teagmhais nó athruithe ar chúinsí nó ar dhálaí eacnamaíochta go bhfuil seans ann nach mbeidh sé indéanta an méid a thugtar ar aghaidh i leith na sócmhainní nó na n-infheistíochtaí a aisghabháil go hiomlán. Tabharfar aitheantas d'aon soláthar den sórt sin sa Chuntas Oibrithe sa bhliain ina ndéantar iad.

(e) Maidir leis an gcostas a bhaineann le talamh, forbairt láithreán agus maoin thionsclaíoch, áirítear ann cionroinnt costas riaracháin a bhfuil baint acu le fáil nó forbairt na sócmhainní

Ioncam Iarchurtha

Maidir le deontais AE a fhaightear i leith sócmhainní dochta a cheannach nó a fhorbairt, déileáiltear leo mar chreidmheas iarchurtha agus amúchtar iad chuig an gcuntas oibrithe ar bhonn bliantúil thar shaolré úsáideach na sócmhainní lena mbaineann siad.

Cuntas a thabhairt ar Dhrochfhiacha nó ar Fhiacha Amhrasacha

Déantar drochfhiacha aitheanta a dhíscríobh agus déantar soláthar sonrach maidir le haon mhéid a bhfuil amhras ann maidir lena bhailiú.

Cuntas a thabhairt ar Infheistíochtaí

Ní thaispeánann Ráitis Airgeadais IDA comhdhlúthú ar thorthaí na gcomhlachtaí infheistíochta toisc go bhfuil gníomhaíochtaí IDA chomh héagsúil sin le gníomhaíochtaí na gcomhlachtaí infheistíochta go mbeadh comhdhlúthú den sórt sin ar neamhréir leis an oibleagáid chun léargas fíor cothrom a thabhairt.

Deontais Iníoctha

Fabhraítear deontais sna Ráitis Airgeadais nuair a ghlacann an deontaí le coinníollacha a leagtar síos.

Airgeadraí Eachtracha

Déantar sócmhainní agus dliteanais arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha a aistriú de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Déantar ioncaim agus costais a aistriú dew réir rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart lena mbaineann.
Maidir le brabúis agus caillteanais a éiríonn ó aistrithe airgeadraí eachtracha agus ar shocrú méideanna atá infhaighte agus iníoctha in airgeadraí eachtracha, déileáiltear leo sa Chuntas Oibrithe.

Léasanna Oibrithe

Maidir le cíosanna faoi léasanna oibrithe, déileáiltear leo sna Ráitis Airgeadais faoi mar a thagann siad chun bheith dlite.

Caipiteal

Léiríonn caipiteal cistí a úsáidtear chun maoin thionsclaíoch a cheannach, sócmhainní dochta eile, sócmhainní teileachumarsáide agus infheistíochtaí agus cuirtear i gcuntas diúscairtí, muirir dhíluachála agus, más infheidhme, soláthar maidir le dochar sna méideanna a thugtar.

Aoisliúntas

Is fostaithe de chuid Forfás iad foireann an IDA go léir, agus tá siad tugtha ar iasacht don Ghníomhaireacht ag Forfás. De réir reachtaíochta, ceanglaítear ar Forfás scéimeanna pinsin a ullmhú agus a riaradh chun teidil phinsin a thabhairt dá fhoireann lena n-áirítear daoine den fhoireann atá ar iasacht in IDA. Tá Forfás freagrach freisin as ceanglais tuairiscithe pinsin, lena n-áirítear na ceanglais sin atá leagtha amach faoi FRS 17. Maidir le costais luathscoir dheonaigh arna n-íoc go díreach ag IDA agus maidir le gach ranníocaíocht phinsin a asbhaintear ón bhfoireann, tugtar cuntas orthu sa Chuntas Oibrithe sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn.

Don Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2005

	Nótaí	**2005** **€'000**	2004 €'000
Ioncam			
Deontais Oireachtais	1	**126,573**	83,216
An Ciste Náisiúnta Oiliúna	2	**900**	2,138
Clár AE – INTERREG 111A	3	**1,264**	-
An Clár maidir le Taighde, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (RTI) do Thionscail arna chómaoiniú ag an AE & ag an Státchiste	4	**4,310**	2,966
Aisíocaíochtaí Deontais		**11,350**	21,910
Ioncam ó Chíosanna		**2,947**	2,644
Lúide Ioncam Cíosa a Fuarthas ó Chliantchuideachtaí de chuid Fiontraíocht Éireann	5 (a)	**(165)**	(446)
Ioncam eile	6	**1,247**	1,725
Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní	7	**46,023**	30,901
		194,449	145,054
Caiteachas			
Deontais is iníoctha	8	**87,259**	65,545
Cur Chun Cinn, Riarachán agus Caiteachais Ghinearálta	9 (a)	**36,179**	36,387
Muirir ar Fhoirgnimh Thionscail	10	**9,428**	7,379
Muirir agus Soláthar Díluachála	11	**16,950**	14,181
		149,816	123,492
Barrachas Glan Oibrithe don bhliain		**44,633**	21,562
Ranníoc leis an Státchiste	12	**(2,426)**	(9,495)
Iarmhéid ar an 1 Eanáir		**44,652**	37,738
Aistriú chuig caipiteal	13	**(50,869)**	(5,153)
Iarmhéid ag deireadh na bliana		**35,990**	44,652

Is i ndáil le gníomhaíochtaí leantacha atá na méideanna a thaispeántar faoi Ioncam agus Caiteachas.
Níl aon ghnóchain nó caillteanais aitheanta ann, seachas na cinn sin a ndéileáiltear leo sa Chuntas Oibrithe.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo na Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 25.

Thar ceann an Bhoird

John Dunne
Cathaoirleach

Sean Dorgan
Príomhfheidhmeannach

Kieran Corrigan
Cathaoirleach
Coiste Iniúchta agus Airgeadais

Amhail ar an 31 Nollaig 2005

	Nótaí	**2005** **€'000**	2004 €'000
Sócmhainní Dochta Inláimhsithe			
Maoin Tionscail	14	**252,883**	200,915
Sócmhainní Dochta Eile	15	**877**	1,283
		253,760	202,198
Sócmhainní Doláimhsithe agus Infheistíochtaí			
Sócmhainní Teileachumarsáide	16	**1,384**	2,075
Infheistíochtaí	17	**-**	2
Iomlán na Sócmhainní Inláimhsithe agus Doláimhsithe agus na nInfheistíochtaí		**255,144**	204,275
Sócmhainní Reatha			
Cuntais is infhaighte	18	**40,201**	45,147
Airgead sa bhanc agus ar láimh		**13,672**	17,598
		53,873	62,745
Dliteanais Reatha			
Cuntais is iníoctha	19	**16,936**	19,765
Glansócmhainní Reatha		**36,937**	42,980
Infhaighte go Fadtéarmach			
Cuntais Infhaighte: méideanna atá dlite tar éis tréimhse níos faide ná bliain	18	**1,789**	1,672
Ioncam Iarchurtha			
Clár AE INTERREG 111A	3	**2,736**	–
Glansócmhainní		**291,134**	248,927
Arb é atá iontu:			
Caipiteal	13	**255,144**	204,275
Cuntas Oibrithe		**35,990**	44,652
		291,134	248,927

Is cuid iad na Polasaithe Cuntasaíochta, Ráiteas Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 25 de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

John Dunne
Cathaoirleach

Sean Dorgan
Príomhfheidhmeannach

Kieran Corrigan
Cathaoirleach
Coiste Iniúchta agus Airgeadais

Don Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2005

	Nótaí	**2005** **€'000**	2004 €'000
Réiteach an Bharrachais Ghlan Oibrithe Chuig Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibrithe			
Barrachas Glan Oibrithe don bhliain		**44,633**	21,562
Muirir Dhíluachála:			
Maoin Tionscail	11	**15,376**	12,342
Sócmhainní Dochta eile & Sócmhainní Teileachumarsáide	11	**1,572**	1,835
Deontas amúchta AE-INTERREG	3	**(1,264)**	-
Caiteachas arna chaipitliú	9 (a)	**(865)**	(553)
Soláthar maidir le Dochar:			
Infheistíochtaí	11	**2**	4
Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní	7	**(46,023)**	(30,901)
Ús Bainc agus Díbhinní a Fuarthas	6	**(357)**	(776)
Deontas AE-INTERREG a Fuarthas		**4,000**	-
Laghdú/(Méadú) ar Chuntais Infhaighte a thagann chun bheith dlite laistigh de bhliain		**4,946**	(29,199)
(Laghdú)/Méadú ar Chuntais Iníoctha		**(2,829)**	9,359
(Méadú)/Laghdú ar Chuntais Infhaighte tar éis tréimhse níos faide ná bliain		**(117)**	(1,121)
Insreabhadh/(As-sreabhadh) Glan ó Ghníomhaíochtaí Oibrithe		**19,074**	(17,448)
RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID			
Insreabhadh/(As-sreabhadh) Glan ó Ghníomhaíochtaí Oibrithe		**19,074**	(17,448)
Ranníocaí leis an Státchiste	12	**(2,426)**	(9,495)
Fáltais ó Infheistíocht agus ó Sheirbhísiú Maoinithe	23 (a)	**357**	776
Caiteachas Caipitiúil agus Infheistíocht Airgeadais			
Fáil	23 (b)	**(74,535)**	(28,751)
Diúscairt	23 (c)	**53,604**	40,871
Bainistiú Acmhainní Leachtacha			
Laghdú/(Méadú) ar Thaiscí Gearrthéarma	23 (d)	**7,000**	(11,000)
Laghdú/(Méadú) ar airgead don tréimhse		**3,074**	(25,047)
Réiteach an tsreabhaidh ghlan airgid le gluaiscechtaí i nglanchistí			
Méadú/(Laghdú) ar airgead sa tréimhse		**3,074**	(25,047)
(Laghdú)/Méadú ar acmhainní leachtacha	23 (d)	**(7,000)**	11,000
Gluaiseacht i nglanchistí sa tréimhse		**(3,926)**	(14,047)
Glanchistí ar an 1 Eanáir	23 (d)	**17,598**	31,645
Glanchistí ag 31 Nollaig		**13,672**	17,598

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2005

1 Deontais Oireachtais

Déantar na Deontais Oireachtais a sholáthar faoi alt 35 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003. Is é €1,457m an méid comhiomlán a soláthraíodh, i leith Deontas i gcomhair Tionscal agus Deontas i gcomhair Maoine Tionscail, do IDA sa tréimhse 1 Eanáir, 1994 go 31 Nollaig, 2005.

Is é atá sna Deontais Oireachtais mar a thaispeántar iad sna Ráitis Airgeadais ná:

	2005	2004
	€'000	€'000
Deontas i gcomhair Cur Chun Cinn agus Riaracháin	**36,479**	34,164
Deontas i gcomhair Tionscail	**71,991**	45,950
Deontas i gcomhair Maoine Tionscail	**18,103**	3,102
	126,573	83,216

Is féidir tacú leis an Deontas Oireachtais i gcomhair Tionscail trí mhaoiniú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa faoin gClár Oibríochta le haghaidh Tionscail. Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta tar éis a dhearbhú nár cuireadh i bhfeidhm aon mhaoiniú ERDF a thacódh leis an Deontas Oireachtais do IDA sa bhliain 2005 (2004 - neamhní).

2 An Ciste Náisiúnta Oiliúna

Íocadh Deontais Oiliúna arbh é a luach iomlán €0.9m (€2.138m sa bhliain 2004) agus a fuarthas tríd an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ón gCiste Náisiúnta Oiliúna.

3 Clár INTERREG 111A de chuid an Aontais Eorpaigh

Is é is cuspóir don chlár ná tacú le comhoibriú trasteorann, comhthathú sóisialta agus forbairt eacnamaíochta idir na réigiúin éagsúla den AE. Faoin gClár, Rinneadh deontas €10m a dhámhachtain do IDA agus don Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta (DETI) i dTuaisceart Éireann; tugadh €4m den tsuim sin do IDA agus tugadh €6m do DETI. Dámhadh an deontas chun cabhair a thabhairt i ndáil le forbairt páirceanna gnó, de réir caighdeán idirnáisiúnta, i Leitir Ceanainn agus i nDoire ar páirceanna gnó iad a chuirfear chun cinn go comhpháirteach i gcomhair infheistíochta isteach.
Sa bhliain 2005, fuair IDA an deontas €4m. De réir pholasaithe cuntasaíochta na Gníomhaireachta rinneadh €1.264m den tsuim sin a aistriú chuig an gCuntas Oibrithe sa bhliain 2005 agus coimeádtar an iarmhéid €2.736m mar ioncam iarchurtha.

4 Clár maidir le Taighde, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (RTI) do Thionscail arna chómaoiniú ag an AE & ag an Státchiste

Tá an beart seo ceaptha chun feabhas a chur ar leibhéal agus ar cháilíocht an taighde agus na forbartha atá á ndéanamh ag cuideachtaí in Éirinn trí chómaoiniú a thabhairt do thionscadail atá le seoladh acu. Tá an ciste á riaradh ag Fiontraíocht Éireann agus tá íocaíochtaí a rinneadh as an gciste seo ar taispeáint i nóta 8.

5 Ioncam ó Chíosanna

(a) Fiontraíocht Éireann

Léiríonn cíosanna €0.165m (€0.446m sa bhliain 2004) an méid cíosanna a fuair IDA ó chliantchuideachtaí de chuid Fiontraíocht Éireann. Aistríodh an méid sin chuig Fiontraíocht Éireann sa bhliain 2005 de réir mar a éilíonn an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

(b) IDA Ireland

Sa bhliain 2005 ba é €2.782m (€2.198m sa bhliain 2004) comhiomlán na gcíosanna a bhí infhaighte ó chliantchuideachtaí. Ní dhearnadh aon deontais Laghdaithe Cíosa sa bhliain 2005 (€2,267 sa bhliain 2004, atá san áireamh i nDeontais is iníoctha i nóta 8).

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2005

6 **Ioncam Eile**	**2005**	2004
	€'000	€'000
Díbhinní	**-**	147
Ús Bainc	**357**	629
Ioncam ó Tháillí i leith Thailte Neamhfhorbartha	**261**	446
Ús ar Idirbhearta Maoine Tionscail	**451**	462
Ioncam Ilghnéitheach	**178**	41
	1,247	1,725

7 **Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní**	**2005**	2004
	€'000	€'000
Comaoin (glan ar tháillí agus ar chaiteachais dhíreacha)	**53,604**	40,871
Costas Stairiúil	**(14,331)**	(18,426)
Aistriú Soláthair in aghaidh Dochair	**941**	3,561
Aistriú Sholáthair in aghaidh Díluachála	**5,809**	4,895
	46,023	30,901

Déantar an brabús ar dhiúscairt €46.023m a lua glan ar chaillteanais agus soláthar €3.083m le haghaidh caillteanas.

8 **Deontais Iníoctha**	**2005**	2004
	€'000	€'000
Tionscail atá ann cheana féin	**23,997**	15,166
Scileanna agus Teicneolaíochtaí Nua	**16,171**	7,335
Fostaíocht	**41,518**	37,923
Oiliúint	**1,263**	2,155
Clár Taighde agus Nuálaíochta do Thionscal (RTI) (féach freisin nóta 4)	**4,310**	2,966
	87,259	65,545

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2005

9 **Cur Chun Cinn, Riarachán agus Caiteachais Ghinearálta**	**2005**	2004
(a)	**€'000**	€'000
Táillí, caiteachais agus luach saothair do Chomhaltaí an Bhoird	**356**	369
Costais luach saothair eile	**20,187**	20,395
Margaíocht, sainchomhairle, cur chun cinn agus fógraíocht	**5,956**	6,315
Riarachán Ginearálta	**9,219**	8,442
Táille Iniúchta	**46**	43
Soláthar le haghaidh Fiacha Amhrasacha	**1,280**	1,376
Lúide: Caipitliú caiteachais a bhaineann le forbairt maoine tionscail	**(865)**	(553)
	36,179	36,387

(b)	**2005**	2004
Costais luach saothair eile arb é atá iontu:	**€'000**	€'000
Pá agus tuarastail	**18,712**	18,930
Costais Leasa Shóisialaigh - Ranníocaíocht an Fhostóra	**897**	890
Costais Phinsean - Ranníocaíocht an Fhostóra	**578**	575
	20,187	20,395

Is fostaithe de chuid Forfás iad gach duine d'fhoireann IDA agus tá siad ar iasacht ó Forfás chuig an nGníomhaireacht.

(c)

Gealltanais faoi Léasanna Oibrithe

Is é €10.894m an gealltanas reatha bliantúil faoi léasanna oibrithe. Rachaidh na léasanna seo in éag mar seo a leanas:

	2005	2004
	€'000	€'000
laistigh de bhliain amháin	**286**	159
sa dara bliain go dtí an cúigiú bliain go huile	**515**	315
níos mó ná 5 bliana	**10,093**	10,722
	10,894	11,196

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2005

10 Muirir ar Fhoirgnimh Thionscail

Áirítear ar na muirir seo glanchíosanna i ndáil le foirgnimh thionscail arna soláthar ag an earnáil phríobháideach mar aon le costais árachais, slándála agus cothabhála ar na foirgnimh thionscail intionscanta go léir atá á gcoimeád ag IDA.

11 Muirir agus Soláthar maidir le Díluacháil

	Nótaí	**2005** €'000	2004 €'000
Muirir ar Dhíluacháil			
- Maoin Thionscail	14	**15,376**	12,342
- Sócmhainní Seasta	15	**881**	1,144
- Sócmhainní Teileachumarsáide	16	**691**	691
Soláthar le haghaidh Dochair			
- Infheistíochtaí	17	**2**	4
		16,950	14,181

12 Ranníocaíocht leis an Stát-Chiste

De réir comhaontuithe leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, is inaisíoctha leis an Stát-Chiste fáltais a thagann ó ghníomhaíochtaí tionscnaimh agus riaracháin, aisíocaíochtaí deontas, díol maoine tionscail, agus ioncam a dhíorthaigh as díol agus/nó leasú sócmhainní teileachumarsáide sa mhéid go mbíonn siad de bhreis ar riachtanais caiteachais na Gníomhaireachta.

	2005 €'000	2004 €'000
Riarachán	**1,280**	1,630
Aisíoc Deontais	**144**	7,639
Maoin Thionscail	**-**	-
Sócmhainní Teileachumarsáide	**1,002**	226
	2,426	9,495

13 Caipiteal

	Nótaí	**2005** €'000	**2005** €'000	2004 €'000	2004 €'000
An 1 Eanáir			**204,275**		199,122
Glanghluaiseachtaí ar:					
- Maoin Tionscail	14	**51,968**		6,589	
- Sócmhainní Dochta Eile	15	**(406)**		(663)	
- Sócmhainní Teileachumarsáide	16	**(691)**		(412)	
- Infheistíochtaí	17	**(2)**		(361)	
Aistriú ón gCuntas Oibrithe			**50,869**		5,153
An 31 Nollaig			**255,144**		204,275

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2005

14 Sócmhainní Dochta Inláimhsithe-Maoin Tionscail

	Talamh	Forbairt Láithreáin	Maoin Tionscail atá áitithe faoi Léasanna	Maoin tionscail atá folamh	Iomlán
Costas	**€'000**	**€'000**	**€'000**	**€'000**	**€'000**
An 1 Eanáir	117,547	129,644	27,138	9,642	**283,971**
Breiseanna	35,299	33,181	944	5,500	**74,924**
Aistrithe	-	-	252	(252)	**-**
Aistriú chuig Comhlachtaí eile Stáit	-	-	(302)	-	**(302)**
Diúscairtí	(3,615)	(7,205)	(3,148)	-	**(13,968)**
An 31 Nollaig	149,231	155,620	24,884	14,890	**344,625**
Soláthar le haghaidh Dochair					
An 1 Eanáir	2,042	5,387	3,140	783	**11,352**
Muirear don Bhliain	-	-	-	-	**-**
Aistrithe	-	-	71	(71)	**-**
Diúscairtí	(40)	(575)	(326)	-	**(941)**
An 31 Nollaig	2,002	4,812	2,885	712	**10,411**
Díluacháil					
An 1 Eanáir	-	56,344	10,681	4,679	**71,704**
Muirear don Bhliain	-	14,090	1,017	269	**15,376**
Aistrithe	-	-	214	(214)	**-**
Aistriú chuig Comhlachtaí eile Stáit	-	-	(180)	-	**(180)**
Diúscairtí	-	(3,483)	(2,086)	-	**(5,569)**
An 31 Nollaig	-	66,951	9,646	4,734	**81,331**
Glanmhéid Leabhair					
An 31 Nollaig	147,229	83,857	12,353	9,444	**252,883**
An 1 Eanáir	115,505	67,913	13,317	4,180	**200,915**
Glanghluaiseacht don Bhliain					**51,968**

(a) Is mar a leanas saolré úsáideach maoine tionscail, ar faoina treoir a rinneadh díluacháil a ríomh:

(i) Foirgnimh 33 bliana

(ii) Costais Fhorbairt Láithreán 10 mbliana

(b) Tharla aistriú chuig Comhlachtaí eile Stáit sa bhliain 2005 i gcás foirgnimh atá suite i gCorcaigh. Aistríodh an tsócmhainn chuig Comhairle cathrach Chorcaí le cead ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

(c) Áirítear sa tábla thuas méideanna a bhaineann le dhá chomhshocraíocht atá déanta ag an nGníomhaireacht:

(i) Tá comhshocraíocht ann le cuideachta phríobháideach forbraíochta le haghaidh forbairt Champais Dhigitigh ag Campas Gnó Dhigitigh Citywest i mBaile Átha Cliath. Tá an leathchuid de thalamh uile an láithreáin dílsithe do IDA, agus tá an leath eile dílsithe don chuideachta forbraíochta. Íocann gach páirtí an leathchuid de na costais bhonneagair uile a thabhófar agus roinneann siad go cothrom na fáltais ó dhíolacháin uile an láithreáin. Is iad costais talaimh agus bonneagair IDA ag glanmhéid leabhair €7.254m agus €2.485m faoi seach.

(ii) Tá comhshocraíocht eile ann le Comhairle Contae Fhine Gall chun tailte ag Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath, agus atá in úinéireacht na Comhairle, a fhorbairt lena ndíol dá éis sin le gnóthais tionscail. Faoi théarmaí na comhshocraíochta, tá IDA freagrach as feabhsúcháin bhonneagair a dhéanamh ar an talamh. Tá an Ghníomhaireacht freagrach as costais uile na hoibre sin agus tá sí i dteideal leath na bhfáltais ó aon dhíolacháin a fháil. Is é atá sa ghlanmhéid leabhair a áirítear thuas ná €2.478m i ndáil leis an gcomhshocraíocht seo.

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2005

15 Sócmhainní Dochta Eile

	Mótar-Fheithicilí	Trealamh Oifige agus Ríomhairí, Daingneáin & Feisteas	Iomlán
Costas	**€'000**	**€'000**	**€'000**
An 1 Eanáir	55	9,846	**9,901**
Breiseanna	-	476	**476**
Diúscairtí	-	(61)	**(61)**
An 31 Nollaig	55	10,261	**10,316**
Díluacháil			
An 1 Eanáir	14	8,604	**8,618**
Muirear don Bhliain	14	867	**881**
Diúscairtí	-	(60)	**(60)**
An 31 Nollaig	28	9,411	**9,439**
Glanmhéid Leabhair			
An 31 Nollaig	27	850	**877**
An 1 Eanáir	41	1,242	**1,283**
Glan Ghluaiseacht don Bhliain			**(406)**

Is mar a leanas saolré úsáideach maoine tionscail, ar faoina treoir a rinneadh díluacháil a ríomh:

(i) Mótár-Fheithiclí	4 bliana
(ii) Trealamh Oifige/Daingneáin agus Feisteas	5 bliana
(iii)Trealamh Ríomhairí	3 bliana

16 Sócmhainní Teileachumarsáide

Ag gníomhú de bhun cinnidh Rialtais, i gcomhar leis an Roinn Fiontar Poiblí (dá ngairtear an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha anois), rinne IDA Ireland, sa bhliain 1999, conarthaí le haghaidh ceannach sócmhainní teileachumarsáide i bhfoirm cirt dhochloíte úsáide maidir le cuid ainmnithe de ghréasán teileachumarsáide domhanda ar feadh tréimhse 25 bliana ón mbliain 2000 amach. Rinneadh cuid den chumas a cheannaigh IDA a dhíol le roinnt soláthróirí seirbhíse.

	2005	2004
Costas	**€'000**	€'000
An 1 Eanáir	**38,850**	38,571
Breiseanna	**-**	279
Diúscairtí	**-**	-
An 31 Nollaig	**38,850**	38,850
Soláthar le haghaidh Dochair		
An 1 Eanáir	**21,000**	21,000
Muirear don Bhliain	**-**	-
Diúscairtí	**-**	-
An 31 Eanáir	**21,000**	21,000
Díluacháil		
An 31 Nollaig	**15,775**	15,084
Muirear don Bhliain	**691**	691
Diúscairtí	**-**	-
An 31 Nollaig	**16,466**	15,775
Glanmhéid Leabhair		
An 31 Nollaig	**1,384**	2,075
An 1 Eanáir	**2,075**	2,487
Glanghluaiseacht don Bhliain	**(691)**	(412)

Meastar gurb é 8 mbliana fad na saoilré úsáidí a bhíonn ag sócmhainní teileachumarsáide agus is dá réir sin a rinneadh díluacháil a ríomh.

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2005

Infheistíochtaí

Costas	**€'000**
An 1 Eanáir	**48**
Breiseanna	**-**
Diúscairtí	**-**
An 31 Nollaig	**48**

Soláthar le haghaidh Dochair	
An 1 Eanáir	**46**
Muirear don Bhliain	**2**
Diúscairtí	**-**
An 31 Nollaig	**48**

Glanmhéid Leabhair	
An 31 Nollaig	**-**
An 1 Eanáir	**2**
Ghlan Ghluaiseacht don Bhliain	**(2)**

Sonraí maidir le hInfheistíochtaí

Cuideachta	**Gníomhaíocht**	**Cineál Scaire**	**Costas na Fála**	**Soláthar ar aistriú scaireanna ó Forfás**	**Costas Lúide Soláthar ar Aistriú ó Forfás**
			€'000	**€'000**	**€'000**
Container Graphics (Manufacturing) Ltd	Múnlaí agus Beacht-Threalamh	Scair Tosaíochta	**76**	**34**	**42**
Critical Path Inc.	Forbairt Bogearraí	Gnáthscair	**6**	**-**	**6**
PGM Ballscrews Ireland Ltd	Táirgí Meáisíní Scriúanna	Gnáthscair	**267**	**267**	**-**
Costas Stairiúil Infheistíochtaí an 31 Nollaig 2004			**349**	**301**	**48**

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2005

18 Cuntais Infhaighte

	2005	2004
Méideanna a bheidh infhaighte laistigh de bhliain amháin:	**€'000**	€'000
Méideanna Infhaighte agus Réamhíocaíochtaí	**13,115**	13,823
Méideanna atá dlite i ndáil le diúscairt Sócmhainní Teileachumarsáide	**5,600**	5,600
Méideanna atá dlite i ndáil le diúscairt Maoine Tionscail	**24,804**	2,559
Méideanna i dtaisce le hAthurnaetha	**7,145**	33,078
Soláthar maidir le Fiacha Amhrasacha	**(10,483)**	(9,961)
Ús Infhaighte	**20**	48
	40,201	45,147
Méideanna a bheidh dlite tar éis tréimhse níos faide ná bliain amháin:		
Méideanna atá dlite i ndáil le diúscairt Maoine Tionscail	**1,379**	1,672
Méideanna atá dlite ar iasacht a airleacan	**410**	-
	41,990	46,819

Na méideanna €1.379m atá dlite i ndáil le diúscairt Maoine Tionscail, tharla siad de bharr na comaoine comhaontaithe a bheith á híoc ina tráthchodanna thar thréimhsí suas go dtí 10 mbliana.
Is é atá sna méideanna atá dlite ar iasacht a airleacan ná suim chaipitiúil €0.4m móide ús €0.01m go dtí an 31 Nollaig 2005, ar iasacht é atá inaisíoctha thar 15 bliana dar tús an bhliain 2008, tar éis tréimhse faoisimh trí bliana.

19 Cuntais Iníoctha

	2005	2004
	€'000	€'000
Cuntais Iníoctha agus Fabhrúcháin	**15,116**	15,958
Fabhruithe ó Íocaíocht Deontais	**1,544**	1,181
Soláthar le haghaidh méideanna inaisíoctha i ndáil le díolacháin neamhchríochnaithe	**276**	2,626
	16,936	19,765

Maidir le méideanna inaisíoctha i leith díolachán neamhchríochnaithe, léiríonn siad méideanna a fuarthas i leith díola maoine tionscail, i gcás nár aistríodh an teideal ó IDA chuig na ceannaitheoirí an 31 Nollaig, 2005.

20 Gealltanais

Meastar gurbh é atá i méid na n-íocaíochtaí is dóigh a tharlóidh as Gealltanais Deontas ná €300m, amhail an 31 Nollaig, 2005. Ba é a bhí i méid na nGealltanas Caipitil gan íoc ar an 31 Nollaig, 2005 ar chonarthaí chun Maoin Tionscail a fháil agus a fhorbairt ná €70m.

21 Cánachas

Déantar foráil le hAlt 227 den Acht Chomhdhlúite Cánacha, 1997, maidir le díolúine ó cháin ar ioncam comhlachtaí stáit nach comhlachtaí tráchtála iad. Níl feidhm ag an díolúine sin maidir le hús ar chuntas taisce. I gcás ús infhaighte a bheith faoi réir cánach ag foinse (e.g. DIRT), cuirtear an ghlanmhéid infhaighte chun sochair an Chuntais Oibrithe.

I roinnt tíortha ina bhfeidhmíonn an Ghníomhaireacht, baineadh leas as díolúine ó cháin áitiúil faoin airteagal Seirbhísí Rialtais atá sa chomhaontú iomchuí um chánachas dúbailte. Leanann an staid sin de bheith á hathbhreithniú ag an nGníomhaireacht atá ag gníomhú chun soiléiriú a fháil lena chinneadh an bhfuil cánacha coigcríche fostaíochta i gceist in aon cheann de na dlínsí inar baineadh leas as an díolúine. D'fhéadfadh dliteanas cánach a bheith ann de thoradh an athbhreithnithe ach mar gheall ar an éiginnteacht maidir le méid an dliteanais theagmhasaigh sin, más ann, a d'fhéadfadh a bheith ann, ní dhearnadh aon soláthar ina aghaidh sna ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2005.

22 Ioncam ó Mhaoin Tionscail agus Caiteachas air

		2005	2004
Ioncam:	Notes	**€'000**	€'000
Deontas Oireachtais	1	**18,103**	3,102
Ioncam Cíosa ó Tháillí Chliantchuideachtaí de chuid IDA	5	**2,782**	2,198
Ioncam ó Tháillí i leith Tailte Neamhfhorbartha	6	**261**	446
Ús ar Dhíolacháin	6	**451**	462
Brabús ar Dhiúscairt Maoine Tionscail		**46,024**	30,847
		67,621	37,055
Caiteachas:			
Cur chun cinn, Riarachán agus Caiteachais Ghinearálta		**2,449**	2,589
Muirir ar Fhoirgniú Tionsclaíoch	10	**9,428**	7,379
Muirir agus Soláthair maidir le Díluacháil	11	**15,376**	12,342
		27,253	22,310
Glanghluaiseacht don Bhliain		**40,368**	14,745
Aistriú go Caipiteal	13	**(51,968)**	(6,589)
Ranníoc as/(le) gníomhaíochtaí Tionscnaimh agus Riaracháin		**(11,600)**	8,156

23 Comhlán na Sreabhadh Airgid

			2005	2004
		Nótaí	**€'000**	€'000
(a)	**Fáltais ó Infheistíocht agus Seirbhísiú Maoinithe**			
	Díbhinní	6	**-**	147
	Ús Bainc	6	**357**	629
			357	776
(b)	**Caiteachas caipitiúil agus infheistíocht airgeadais - Fáil**			
	Caiteachas Caipitlithe	9 (a)	**865**	553
	Ceannach sócmhainní dochta inláimhsithe - Maoin Tionscail	14	**(74,924)**	(28,544)
	Caiteachas Caipitlithe	15	**(476)**	(481)
	Ceannach Sócmhainní Seasta Eile	16	**-**	(279)
			(74,535)	(28,751)
(c)	**Caiteachas Caipitiúil agus infheistíocht airgeadais - Diúscairtí**			
	Diúscairt sócmhainní dochta inláimhsithe - Maoin Tionscail		**53,604**	40,460
	Diúscairt Sócmhainní Seasta Eile		**-**	11
	Diúscairt Infheistíochtaí		**-**	400
			53,604	40,871

(d) Anailís ar Ghlanchistí

	An 1 Eanáir 2005	**Sreabhadh Airgid**	**An 31 Nollaig 2005**
	€'000	**€'000**	**€'000**
Airgead sa Bhanc agus ar láimh	**6,598**	**3,074**	**9,672**
Éarlais ghearrthéarmach	**11,000**	**(7,000)**	**4,000**
	17,598	**(3,926)**	**13,672**

24 Comhaltaí an Bhoird – Idirbhearta a Nochtadh

I ngnáthchúrsa gnó, féadfaidh an Ghníomhaireacht deontais a cheadú agus féadfaidh an Ghníomhaireacht comhshocruithe conarthacha eile a dhéanamh freisin le gnóthais ina bhfuil comhaltaí de Bhord IDA fostaithe nó ina bhfuil leas ar chuma eile acu. Glacann an Ghníomhaireacht nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais maidir le comhaltaí Boird do nochtadh leasanna, agus chloígh comhaltaí an Bhoird leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana.

Le linn na bliana 2005, tugadh íocaíochtaí €1,473m, in aghaidh muirear aisfhillteacha agus muirear fóntais chaipitiúil, do chuideachta fóntais ina bhfuil comhalta Boird fostaithe. Fuarthas ús €0.247m, glan ar mhuirir bhainc, ó bhanc ina raibh comhalta eile den Bhord ar fostú. Maidir le tríú cuideachta ar nocht comhalta eile den Bhord leas inti, cheannaigh sí talamh ón nGníomhaireacht ar chomaoin €2.3m. Ní bhfuair na comhaltaí lena mbaineann aon doiciméid maidir leis na hidirbhearta ná níor ghlac na comhaltaí sin páirt in aon phlé de chuid an Bhoird maidir leis na nithe sin ná níor fhreastail siad ar aon chruinniú nuair a bhí na nithe sin á bplé.

25 Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais an 12 Aibreáin, 2006.

BUÍOCHAS

Admhaíonn IDA Ireland an comhoibriú atá faighte aige ar fud na bliana 2005 ón iliomad eagraíochtaí lena n-oibrímid. Gabhaimid buíochas ar leith leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, leis an Aire Airgeadais agus le foireann a Ranna as a dtacaíocht. Is mór againn freisin an tacaíocht agus an comhoibriú a fuaireamar ó Ranna eile Rialtais, ónár nGníomhaireachtaí gaolmhara – Forfás, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann – agus ó na húdaráis aitiúla, ó na forais oideachais, ó na clianchuideachtaí, ó na heagraíochtaí ionadaitheacha agus ó na pearsana aonair lena n-oibrímid.

IDA IRELAND

Is Gníomhaireacht neamhspleách stáit í IDA Ireland a mhaoinítear trí dheontas faoin bPlean Náisiúnta Forbartha. Tuairiscíonn an Ghníomhaireacht don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Oibríonn IDA Ireland faoi théarmaí na nAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1986 go 2003.

Tá gníomhaíochtaí IDA Ireland ina gcuid dhílis de Phlean Náisiúnta Forbartha Rialtas na hÉireann (2000-2006) arb é an tionscnamh forbartha is mó é i stair an Stáit.

NDP
NATIONAL DEVELOPMENT PLAN

Tá infheistíocht níos mó ná €50 billiún i gceist leis an bPlean thar thréimhse seacht mbliana; tá €43 bhilliún den mhéid sin á mhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus tiocfaidh an chuid eile ón AE agus ó Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha.



www.idaireland.com

IDA IRELAND